AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 17.6.2025
COM(2025) 823 final/2

2025/0177 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoracha 2009/43/CE agus 2009/81/CE, a mhéid a bhaineann le haistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Aontas a shimpliú agus soláthar slándála agus cosanta a shimpliú

{SWD(2025) 820 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Le hionradh na Rúise ar an Úcráin, leagadh béim ar an ngá atá le margadh neartaithe uile-Aontais le haghaidh táirgí cosanta, margadh a bheadh in ann tacú le hullmhacht cosanta na mBallstát i bhfianaise bagairtí slándála atá ag teacht chun cinn. Leis an gcoinbhleacht leanúnach sin, nochtadh leochaileachtaí i dtírdhreach cosanta na hEorpa, rud lena léirítear a thábhachtaí atá bonn tionsclaíoch cosanta comhtháite athléimneach. Tá margadh cosanta an Aontais a fheidhmíonn go maith ríthábhachtach chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag na Ballstáit ar na cumais chosanta, na teicneolaíochtaí cosanta agus na táirgí cosanta is gá chun freagairt go héifeachtach do dhúshláin slándála atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.

Bhí tionchar mór ag an tírdhreach geopholaitiúil atá ag athrú ar mhargadh cosanta an Aontais, agus suaitheadh ar shlabhraí soláthair, éileamh méadaithe ar tháirgí cosanta agus gá atá ag méadú le réitigh idir-inoibritheacha agus nuálacha. Mar sin féin, níl an reachtaíocht atá ann cheana a bhfuil tionchar aici ar mhargadh cosanta an Aontais curtha in oiriúint go hiomlán do na dúshláin atá ann faoi láthair, rud lena gcuirtear bac ar chumas na mBallstát freagairt go tapa agus go héifeachtach do bhagairtí atá ag teacht chun cinn.

Mar fhreagairt ar na dúshláin sin, ní mór don Aontas Eorpach bearta a dhéanamh chun an margadh uile-Aontais le haghaidh táirgí cosanta a neartú, agus bonn tionsclaíoch cosanta níos comhtháite agus níos iomaíche a chur chun cinn. Trí mhargadh cosanta Eorpach níos láidre agus níos athléimní a chruthú, is féidir leis an Aontas tacú le hullmhacht cosanta na mBallstát, uathriail straitéiseach na hEorpa a chur chun cinn agus rannchuidiú le timpeallacht slándála Eorpach níos cobhsaí agus níos sláine.

Mar a léirítear sa Pháipéar Bán Comhpháirteach maidir le hUllmhacht Cosanta na hEorpa 2030[1], *‘chun cosaint na hEorpa a atógáil, is gá infheistíocht ollmhór a dhéanamh thar thréimhse leanúnach. Le chéile, ní mór dúinn an obair ar gach snáithe a luathú chun dlús a chur go práinneach le hullmhacht cosanta na hEorpa chun a áirithiú go mbeidh seasamh cosanta láidir leordhóthanach ag an Eoraip faoi 2030 ar a dhéanaí’. Ina theannta sin, ‘bunaithe ar réamh-mheastacháin maidir le glacadh de réir a chéile na n-ionstraimí atá beartaithe faoin bPlean ReArm Europe, d’fhéadfadh infheistíocht cosanta EUR 800 billiún ar a laghad a bhaint amach sna 4 bliana amach romhainn’.*

Chun cosaint na hEorpa a atógáil is gá infheistiú ollmhór a dhéanamh thar thréimhse fhada. I bhfianaise an mhéid thuas, agus tar éis don Chomhairle a iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach an obair ar gach snáithe a luathú chun dlús cinntitheach a chur le hullmhacht Cosanta na hEorpa 2030, is é is aidhm don togra seo creat reachtach an Aontais a dhéanamh fabhrach do ghníomhaíochtaí ullmhachta cosanta agus dlús foriomlán go leibhéal lenar féidir aon riosca ionsaithe armtha a dhíspreagadh ar bhealach inchreidte.

Is é is aidhm dó aghaidh a thabhairt ar an ngá práinneach atá ann na bearnaí tábhachtacha infheistíochta sa réimse cosanta a carnadh le blianta beaga anuas a chumhdach tríd an gcreat

[1] Páipéar Bán Comhpháirteach maidir le hUllmhacht Cosanta na hEorpa 2030: JOIN/2025/120 final, 19.03.2025.

rialála a ailíniú ar bhealach níos fearr leis na hiarrachtaí urghnácha is gá sa réimse sin. Go sonrach, leis an togra reatha, cuireann an Coimisiún tograí simplithe chun cinn chun bacainní rialála a bhaint, soláthar cosanta agus aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Aontas a éascú agus dlús a chur leo agus ullmhacht cosanta agus forbairt thionsclaíoch na hEorpa a éascú.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is é is aidhm don togra na forálacha lena rialaítear an margadh cosanta ar fud an Aontais a oiriúnú don chás slándála atá ann faoi láthair, trí choigeartuithe spriocdhírithe a thabhairt isteach lena simpleofar nósanna imeachta riaracháin, lena laghdófar an rómhaorlathas agus lena gcuirfear réitigh níos solúbtha ar fáil. Trí nósanna imeachta a chuíchóiriú agus bacainní maorlathacha a laghdú, féachann an togra le margadh cosanta an Aontais a chruthú a bheidh níos solúbtha agus níos freagrúla, a bheidh in ann tacú le hullmhacht cosanta na mBallstát agus forbairt tionscail cosanta Eorpaigh atá iomaíoch agus nuálach a chur chun cinn. Leanann an togra an fhís agus na cuspóirí a shainítear sa Pháipéar Bán Comhpháirteach maidir le hUllmhacht Cosanta na hEorpa 2030 agus is é is aidhm dó cur chun feidhme Phlean ReArm Europe — Ullmhacht 2030 a éascú. Áirítear ann freisin forálacha arb é is aidhm shonrach dóibh soláthar agus rialáil cosanta an Aontais a ailíniú ar bhealach níos fearr le riachtanais chur chun feidhme chláir thionsclaíocha cosanta an Aontais, amhail an Ciste Eorpach Cosanta.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Na bearta atá beartaithe chun margadh cosanta an Aontais a neartú, tá siad ceaptha chun cur leis na forálacha beartais atá ann cheana, agus é d'aidhm acu cumais chosanta na hEorpa a fheabhsú agus tacú le hullmhacht cosanta na mBallstát. Tá na coigeartuithe a thugtar isteach leis na bearta sin teoranta don mhéid is gá chun a áirithiú gur féidir leis na Ballstáit an leibhéal ullmhachta cosanta is gá a bhaint amach go luath amach anseo, mar fhreagairt ar an timpeallacht slándála atá ag teacht chun cinn agus ar an ngá atá le bagairtí atá ag teacht chun cinn a dhíspreagadh.

Tá an togra mar chuid de phacáiste beart chun an earnáil cosanta a leathnú agus, go sonrach, chun críoch ullmhachta cosanta, lena n-áirítear táirgeadh agus slabhra soláthair cosanta, na soláthairtí a mbaineann réimsí eile tairbhe astu faoi láthair. Is é is cuspóir dó gealltanas an Choimisiúin a chomhlíonadh maidir leis an méid seo a leanas; 1) feabhas a chur ar chumais chosanta na hEorpa mar fhreagairt ar ábhair imní maidir le fogha míleata na Rúise agus; 2) tionscal cosanta an Aontais a fhorbairt agus infheistíochtaí ollmhóra fadtéarmacha i gcumais chosanta a iarraidh chun bagairtí a dhíspreagadh trí phróiseas simplithe chun dul i ngleic leis an ualach riaracháin agus chun rómhaorlathas a laghdú.

Faoin gClár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT), áirithíonn an Coimisiún go bhfuil a reachtaíocht oiriúnach dá feidhm, go bhfuil sí dírithe ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara agus go n-íoslaghdaíonn sí ualaí agus a cuspóirí á mbaint amach an tráth céanna. Dá bhrí sin, is cuid de chlár REFIT é an togra seo, lena laghdaítear ualaí nach bhfuil gá leo don earnáil cosanta, trí iad a ailíniú leis na rialacha is infheidhme faoi láthair maidir leis na nósanna imeachta agus na scéimeanna éagsúla.

Leis an togra seo, dírítear ar riachtanais iarbhír na staide reatha i dtaca le hullmhacht cosanta, rud a fhágann go mbeidh baint amach chuspóirí na reachtaíochta níos éifeachtúla agus go mbeidh ualach níos lú ar fhiontair agus ar údaráis phoiblí.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Leasaítear treoracha atá ann cheana leis an togra seo. Dá bhrí sin, is ionann bunús dlí an togra agus bunús dlí na dtreoracha leasaithe, is iad sin Airteagal 53(2), Airteagal 62, agus Airteagal 114(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Is bunús ginearálta dlí é Airteagal 114 CFAE arb é is cuspóir dó feidhmiú an mhargaidh aonair a bhunú nó a áirithiú. Sa mhéid go leasaítear Treoir 2009/43/CE[2] leis an Treoir seo, is é Airteagal 114 CFAE an bunús dlí iomchuí, a mhéid a bhaineann leis na leasuithe sin. Sa mhéid go leasaítear Treoir 2009/81/CE[3] leis an Treoir seo, is iad Airteagal 53(2), Airteagal 62 agus Airteagal 114 CFAE an bunús dlí iomchuí, a mhéid a bhaineann leis na leasuithe sin.

Maidir leis na píosaí reachtaíochta uile a ndéantar difear dóibh leis an togra seo, tá forálacha comhchosúla iontu arb é is aidhm dóibh an t-ualach ar na Ballstáit agus ar an tionscal a laghdú nó cúnamh a thabhairt dóibh na hoibleagáidí a fhorchuirtear orthu trí na gníomhartha ábhartha a chomhlíonadh, ionas gur fusa an reachtaíocht sin a chur i bhfeidhm agus nach mbeidh ualach chomh mór sin ag baint léi. I bhfianaise na comhréireachta sin a leathnú i gcás lena mbaineann ualach riaracháin, meastar gur gá na forálacha a leathnú chuig an margadh cosanta ar fud an Aontais chun tacú le hullmhacht cosanta na mBallstát agus forbairt tionscail cosanta Eorpaigh atá iomaíoch agus nuálach a chothú.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Is é is aidhm don togra leasú a dhéanamh ar reachtaíocht an Aontais a bhaineann go díreach leis an margadh cosanta ar fud an Aontais. Ní fhéadfaí an rud céanna a bhaint amach ar leibhéal na mBallstát, go sonrach agus aird á tabhairt ar an ngá atá le cur chuige comhchuibhithe a áirithiú ar fud na mBallstát, rud atá ríthábhachtach chun simpliú éifeachtach a dhéanamh.

- **Comhréireacht**

I gcomhthéacs na leasuithe ar Threoracha 2009/81/CE agus 2009/43/CE, is é is aidhm don togra an creat rialála is infheidhme faoi láthair a shimpliú agus códú a dhéanamh ar ghnéithe áirithe den dlí soláthair arna mbunú i gcásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Ní théann na bearta thar a bhfuil riachtanach chun na spriocanna sin a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Is reachtaíocht chomhchuibhithe faoi rialacha an Aontais iad na Treoracha uile faoin togra seo. Tá forálacha sna píosaí reachtaíochta sin lena gcuirtear san áireamh staid agus riachtanais mhéadaitheacha na hearnála cosanta agus áirithítear leo nach gcuirfear ualach nach bhfuil gá leis ar phróisis ullmhachta cosanta, táirgthe agus slabhra soláthair mar gheall ar na ceanglais. Is é is aidhm don togra seo a fhágáil sa deireadh gur fusa an reachtaíocht sin a chur i bhfeidhm agus nach mbeidh ualach chomh mór sin ag baint léi.

---

[2] Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 6 Bealtaine 2009 lena simplítear téarmaí agus coinníollacha aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Chomhphobal (IO L 146, 10.6.2009, lgh. 1–36, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/43/oj)

[3] Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha, conarthaí soláthair agus conarthaí seirbhíse ag údaráis chonarthacha nó ag eintitis i réimsí na cosanta agus na slándála a chomhordú, agus lena leasaítear Treoracha 2004/17/CE agus 2004/18/CE (IO L 216, 20.8.2009, lgh. 76–136, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/81/oj).

Dá bhrí sin, ar mhaithe le héifeachtúlacht, is cosúil gurb é an réiteach is oiriúnaí togra comhpháirteach a thabhairt isteach le haghaidh na bhforálacha ábhartha éagsúla is infheidhme maidir leis an earnáil cosanta i bhfoirm an togra *Omnibus* maidir le hUllmhacht Cosanta. Go sonrach, tá údar maith le Treoir a roghnú don togra seo mar gheall ar an ngá atá ann an ionstraim dlí chéanna a úsáid leis na gníomhartha dlí atá le leasú.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Bhí an próiseas comhairliúcháin le páirtithe leasmhara cuimsitheach, próiseas ina raibh suirbhé poiblí a bhí ar oscailt go dtí an 22 Aibreán 2025, chomh maith le sraith cruinnithe spriocdhírithe leis na Ballstáit, le hionadaithe gnó ábhartha ón Aontas agus le príomhpháirtithe leasmhara eile. Tríd an bpróiseas comhairliúcháin sin, mar aon le taithí an Choimisiúin ar an reachtaíocht ábhartha a chur chun feidhme, sainaithníodh príomhbhacainní agus dúshláin laistigh de thimpeallacht rialála an Aontais. Bunaithe ar ionchur luachmhar a fuarthas agus ar shaineolas an Choimisiúin, is é is aidhm do na tograí a leagtar amach sa treoir seo aghaidh a thabhairt ar na príomh-shaincheisteanna sin agus feabhas a chur ar éifeachtacht fhoriomlán chreat rialála an Aontais.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Sainaithníodh na bearta atá beartaithe tar éis próiseas grinnscrúdaithe inmheánaigh ar an reachtaíocht atá ann cheana agus bunaithe ar an taithí a fuarthas ón reachtaíocht ghaolmhar a chur chun feidhme. Ós rud é gur céim é sin i bpróiseas an mheasúnaithe leanúnaigh ar chumais ullmhachta cosanta a eascraíonn as reachtaíocht an Aontais, leanfar den ghrinnscrúdú ar ualach den sórt sin agus ar a thionchar ar pháirtithe leasmhara.

Measúnú tionchair

Sna Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 20 Márta 2025, d'iarr sí ar an gCoimisiún *'an obair ar gach snáithe chun dlús cinntitheach a chur le hullmhacht cosanta na hEorpa sna 5 bliana amach romhainn*' a luathú agus d'iarr sí ar an gCoimisiún obair leantach a dhéanamh go mear maidir le simpliú ar an tslándáil agus ar an gcosaint. Mar gheall ar a phráinní atá an togra, atá ceaptha chun tacú le tionscal cosanta na hEorpa a oiriúnú go tapa don timpeallacht gheopholaitiúil nua agus chun cabhair a thabhairt do thír atá i mbun cogaidh ó bhí tús 2023 ann, níorbh fhéidir measúnú tionchair a dhéanamh sula sa tráthchlár atá ar fáil Omnibus um Ullmhacht Cosanta a reáchtáil. Laistigh de 3 mhí tar éis ghlacadh an togra seo, cuirfidh an Coimisiún isteach Doiciméad Inmheánach Oibre chun údar a thabhairt leis an ngníomhaíocht reachtach sin agus míneoidh sé a iomchuí atá sé chun na cuspóirí beartais sainaitheanta a bhaint amach i gcomhréir leis na rialacha ábhartha maidir le Rialáil Níos Fearr.

Baineann an togra le hathruithe teoranta spriocdhírithe ar an reachtaíocht. Tá siad bunaithe ar thaithí a fuarthas ó reachtaíocht a chur chun feidhme. Ní bhíonn tionchar mór ag na hathruithe ar an mbeartas, agus ní áirithítear leo ach cur chun feidhme níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí. Mar gheall ar chineál spriocdhírithe na n-athruithe agus an easpa roghanna beartais

ábhartha, ní gá measúnú tionchair a dhéanamh. Mar sin féin, breathnaítear sa Teachtaireacht atá i gceangal leis seo ar ghnéithe maidir le tionchar na mbeart sin, lena n-áirítear anailís ar thorthaí suirbhé phoiblí de chuid an Aontais a rinneadh sa chomhthéacs sin.

• Oiriúnacht agus simpliú rialála

Is togra REFIT é seo arb é is aidhm dó reachtaíocht a shimpliú agus ualaí ar pháirtithe leasmhara a laghdú.

Cearta bunúsacha

Neamhbhainteach

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Neamhbhainteach

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Neamhbhainteach

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

le haghaidh Treoir 2009/43/CE

- Na cásanna ina bhféadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le díolúintí ó réamhúdarú le haghaidh aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint, leathnófar iad chun go n-áireofar na haistrithe is gá chun tionscadail arna gcistiú ag cláir thionsclaíocha cosanta an Aontais a chur chun feidhme, aistrithe faoi chuimsiú comhpháirtíochtaí tionsclaíocha struchtúrtha trasteorann, aistrithe chuig institiúidí agus comhlachtaí an Aontais agus chuig an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint, agus aistrithe i gcás éigeandála a eascraíonn as géarchéim.

- Tabharfar de chumhacht don Choimisiún eilimintí neamhriachtanacha áirithe den chreat aistrithe a shainiú trí ghlacadh gníomhartha tarmligthe.

- Leathnófar an ceadúnas ginearálta aistrithe chun aistrithe arna ndéanamh ag eintitis dheimhnithe a chumhdach, chomh maith le haistriú chuig gnóthais chosanta Eorpacha dheimhnithe.

- Ceanglófar ar na Ballstáit an fhéidearthacht a chumasú Ceadúnais Ghinearálta Aistrithe a thabhairt isteach seachas iad siúd a liostaítear in Airteagal 5(2).

- Tabharfar isteach Ceadúnais Aistrithe Ghinearálta le haghaidh tionscadail thionsclaíocha cosanta an Aontais, amhail an Ciste Eorpach Cosanta, chun gach táirge a bhaineann le cosaint agus gach aistriú is gá chun an tionscadal a chur chun feidhme a chumhdach.

- Modhnú ar an bhforáil maidir le faisnéis atá le soláthar ag soláthróirí táirgí a bhaineann le cosaint chun an tsolúbthacht is gá a sholáthar dóibh, agus trédhearcacht agus rialú á gcoinneáil ar bun ag an am céanna.

le haghaidh Treoir 2009/81/CE

- Ardófar tairseacha Threoir 2009/81/CE chun é a chur ar a gcumas do na Ballstáit díriú ar chonarthaí criticiúla agus an t-ualach riaracháin ar an tionscal a laghdú le haghaidh nósanna imeachta soláthair níos lú.

- Tugtar isteach an nós imeachta oscailte agus an córas dinimiciúil ceannaigh, bunaithe ar Threoir 2014/24, chun raon na n-uirlisí atá ar fáil do na Ballstáit a fheabhsú.

- An nós imeachta comhpháirtíochta nuálaíochta: tabharfar isteach nós imeachta comhpháirtíochta nuálaíochta atá modhnaithe agus níos solúbtha, bunaithe ar Threoir 2014/24, chun tacú le soláthar na nuálaíochta.

- Nós imeachta simplithe chun torthaí tionscadal iomaíoch comhthreomhar taighde agus forbartha a sholáthar: tabharfar isteach nós imeachta simplithe maidir le soláthar díreach táirgí nó seirbhísí nuálacha a eascraíonn as tionscadail iomaíocha chomhthreomhara taighde agus forbartha.

- Tabharfar isteach maolú sealadach chun ligean do na Ballstáit an nós imeachta idirbheartaithe a úsáid gan é a fhoilsiú roimh ré le haghaidh soláthairtí comhoibríocha, lena n-áirítear soláthar réamhdhéanta. Beidh sé sin ar fáil chun táirgí cosanta comhionanna a sholáthar nó táirgí a sholáthar atá faoi réir mionmhodhnuithe arna ndéanamh ag 3 Bhallstát ar a laghad.

- Déanfar na forálacha a bhaineann le Ballstáit a bheith rannpháirteach i gcláir chomhoibritheacha bunaithe ar T & F tar éis dheireadh chéim T & F a chódú i dTreoir 2009/81/CE.

- Déanfar na rialacha lena rialaítear creat-chomhaontuithe soláthair a shoiléiriú, agus cuirfear síneadh le huastréimhse an chreat-chomhaontaithe ó 7 mbliana go 10 mbliana.

- Laghdófar na hoibleagáidí tuairiscithe staidrimh a bhaineann le soláthar cosanta chun an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit a laghdú.

2025/0177 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoracha 2009/43/CE agus 2009/81/CE, a mhéid a bhaineann le haistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Aontas a shimpliú agus soláthar slándála agus cosanta a shimpliú

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh , agus go háirithe Airteagal 53(2), Airteagal 62 agus Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá bagairt ghéar agus mhéadaitheach os comhair an Aontais, mar a cuireadh i bhfios go láidir sa Pháipéar Bán maidir le hUllmhacht Cosanta na hEorpa 2030[4], a bhaineann go háirithe le coinbhleacht iomlán a bheith ann arís san Eoraip. Mar fhreagairt ar na dúshláin slándála atá ag dul in olcas, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh an tAontas gníomhaíocht chinntitheach chun a chumais chosanta a neartú. Gné ríthábhachtach den iarracht sin is ea an gá atá le dlús a chur le hacmhainneacht táirgeachta cosanta an Aontais, rud a chuirfidh ar a chumas dó freagairt go héifeachtach d'éilimh slándála atá ag teacht chun cinn. Tá sé práinneach dlús a chur le hullmhacht cosanta na hEorpa chun a áirithiú go mbeidh seasamh cosanta an Aontais láidir leordhóthanach ag an Eoraip faoi 2030 ar a dhéanaí.

(2) Chun an sprioc a bhaint amach maidir le hullmhacht cosanta na mBallstát agus an Aontais a mhéadú, tá simpliú agus comhchuibhiú rialála fíor-riachtanach. Trí chreataí rialála a chuíchóiriú agus a ailíniú, is féidir leis an Aontas timpeallacht níos fabhraí a chruthú do thionscail chosanta chun oibriú, nuáil agus na cumais is gá a tháirgeadh chun ullmhacht slándála agus cosanta na hEorpa a áirithiú. Leagadh amach sa Pháipéar Bán Comhpháirteach maidir le hUllmhacht Cosanta na hEorpa 2030[5] na cuspóirí maidir leis an simpliú sin ar an reachtaíocht a bhfuil tionchar aici ar an ullmhacht cosanta.

(3) Tá aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Aontas faoi réir réamhúdarú trí cheadúnais ghinearálta, dhomhanda nó aonair aistrithe arna ndeonú nó arna bhfoilsiú ag an mBallstát ar mian leis an soláthróir táirgí a bhaineann le cosaint a aistriú óna chríoch. Féadfaidh na Ballstáit aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint a dhíolmhú ón oibleagáid réamhúdarú a fháil i gcásanna sonracha a liostaítear i dTreoir 2009/43/CE ó

[4] JOIN(2025) 120 final, 19 Márta 2025.

[5] Páipéar Bán Comhpháirteach maidir le hUllmhacht Cosanta na hEorpa 2030: JOIN/2025/120 final, 19.03.2025.

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6]. Agus na forbairtí sa staid slándála agus tabhairt isteach chláir thionsclaíocha an Aontais sa réimse cosanta á gcur san áireamh, forbairtí arb é is aidhm dóibh go háirithe comhar trasteorann laistigh den Aontas a threisiú, is iomchuí cur leis an liosta cásanna ina bhféadfaidh na Ballstáit aistrithe a dhíolmhú ó réamhúdarú. Go sonrach, ba cheart féidearthacht den sórt sin a sholáthar i ndáil le haistrithe is gá chun tionscadail arna gcistiú ag cláir thionsclaíocha cosanta an Aontais a chur chun feidhme, aistrithe faoi chuimsiú comhpháirtíochtaí tionsclaíocha struchtúrtha trasteorann, aistrithe chuig institiúidí agus comhlachtaí an Aontais agus chuig an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint, aistrithe i gcás éigeandála a eascraíonn as géarchéim agus aistrithe atá nasctha le cúnamh míleata agus cosanta mar thoradh ar ghníomhaíochtaí an Aontais faoi Airteagal 28 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. .

(4) Is réamhriachtanas do mhargadh cosanta uile-Aontais é córas aistrithe dea-fheidhmiúil a bheith ann ar fud na mBallstát. Mar gheall ar an timpeallacht slándála atá ag athrú go tapa, tá gá le solúbthacht bhreise a chuirfidh ar a chumas don Choimisiún agus do na Ballstáit freagairt ar bhealach spriocdhírithe solúbtha. Dá bhrí sin, ba cheart go gcumhachtófaí don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe den chreat aistrithe a shainiú. Le gníomhartha tarmligthe den sórt sin, d'fhéadfaí cur chuige comhchuibhithe a shainiú maidir le hAirteagal 4(8) a chur chun feidhme, amhail trí chomhpháirteanna 'íogaire' a shainiú nó trí riail *de minimis* a thabhairt isteach. Ina theannta sin, is iomchuí an chumhacht a thabhairt don Choimisiún, arna iarraidh sin do Bhallstát nó ar a thionscnamh féin, cásanna nua a chur isteach ina gcuirfí ar a gcumas do na Ballstáit díolúintí ón oibleagáid maidir le réamhúdarú a thabhairt isteach, rud a d'fhágfadh go mbeadh solúbthacht mhéadaithe ann agus go bhféadfaí táirgí a bhaineann le cosaint a aistriú ar bhealach simplithe agus luathaithe laistigh den Aontas.

(5) Thairis sin, ar na cúiseanna céanna a leagtar amach in aithris 4, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun coinníollacha comhchuibhithe a shainiú do na Ballstáit chun a chinneadh cén cineál ceadúnais aistrithe ba cheart a chur i bhfeidhm ar tháirgí sonracha a bhaineann le cosaint nó ar chatagóirí sonracha táirgí a bhaineann le cosaint.

(6) Chun feidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil an chórais aistrithe laistigh den Aontas a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhféadfaidh gach soláthróir ar mian leis táirgí a bhaineann le cosaint a aistriú óna gcríoch ceadúnais ghinearálta aistrithe a úsáid nó iarratas a dhéanamh ar cheadúnais aistrithe dhomhanda nó aonair. Níor cheart aon réamhchoinníoll a d'fhéadfadh na Ballstáit a fhorchur a bheith bunaithe ach ar chritéir atá ábhartha go díreach maidir le cumas na soláthróirí an reachtaíocht i réimse an aistrithe agus an rialaithe onnmhairí a urramú. Ní féidir le critéir, amhail foirm dhlíthiúil nó stádas na soláthróirí, an fhéidearthacht a dhiúltú do chatagóirí áirithe soláthróirí ceadúnais ghinearálta aistrithe a úsáid nó iarratas a dhéanamh ar cheadúnais aistrithe dhomhanda nó aonair.

[6] Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 6 Bealtaine 2009 lena simplítear téarmaí agus coinníollacha aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Chomhphobal (IO L 146, 10.6.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/43/oj).

(7) Chun glacadh an deimhnithe ag faighteoirí a chothú agus chun comhar trasteorann agus oscailteacht slabhraí soláthair laistigh den Aontas a éascú, is iomchuí an ceadúnas ginearálta aistrithe le haghaidh aistrithe a leathnú chuig faighteoirí deimhnithe ionas go gcumhdófar aistrithe ó eintitis dheimhnithe leis freisin. Tá acmhainneacht láidir léirithe ag gnóthais den sórt sin chun rialacha maidir le haistriú agus rialú onnmhairiúcháin a chomhlíonadh agus thacaigh siad freisin le costais thábhachtacha chun deimhniú a bhaint amach. Ba cheart cead a bheith acu tairbhe a bhaint as féidearthachtaí simplithe agus deiseanna nach bhfuil an t-ualach céanna ag baint leo chun aistrithe laistigh den Aontas a dhéanamh.

(8) Mar a shonraítear in Airteagal 1(2) de Threoir 2009/43/CE, ní dhéanann an Treoir sin difear do lánrogha na mBallstát a mhéid a bhaineann le beartas maidir le honnmhairiú táirgí a bhaineann leis an gcosaint.

(9) Foráiltear le Treoir 2009/43/CE go bhféadfaidh na Ballstáit ceadúnais ghinearálta aistrithe a thabhairt isteach seachas iad siúd a liostaítear in Airteagal 5(2) den Treoir sin. Mar sin féin, d'fhéadfadh rialacha náisiúnta lena dteorannaítear solúbthacht agus cumas na n-údarás rialaithe náisiúnta lántairbhe a bhaint as na hionstraimí a tugadh isteach le Treoir 2009/43/CE cur isteach ar an bhféidearthacht sin. Mar shampla, d'fhéadfadh cineálacha breise ceadúnas ginearálta aistrithe a bheith bainteach le haistrithe is gá chun tionscadail arna gcistiú ag cláir thionsclaíocha cosanta an Aontais a chur chun feidhme, le haistrithe inghrúpa nó le haistrithe i gcás práinne a eascraíonn as géarchéim. Is iomchuí, dá bhrí sin, a cheangal ar na Ballstáit, ina reachtaíocht náisiúnta, tabhairt isteach ceadúnas ginearálta aistrithe seachas na cinn a liostaítear in Airteagal 5(2) de Threoir 2009/43/CE a chumasú.

(10) Is minic a chuirtear bac ar chur chun feidhme chláir thionsclaíocha cosanta an Aontais, amhail an Ciste Eorpach Cosanta, mar gheall ar mhoilleanna móra ar aistriú táirgí a bhaineann leis an gcosaint, mar gheall ar na próisis fhada chasta a bhaineann le ceadúnais aistrithe a fháil ag na Ballstáit. D'fhéadfadh tionchar díobhálach a bheith ag na moilleanna sin ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht fhoriomlán na gclár sin agus is féidir leo an bonn a bhaint de chumas an Aontais agus a Bhallstát na cumais chosanta a theastaíonn uathu a fhorbairt agus a fháil ar bhealach tráthúil agus costéifeachtach. Chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin, is gá ceadúnais ghinearálta aistrithe a thabhairt isteach le haghaidh na gclár sin. Ba cheart go gcumhdófaí le raon feidhme na gceadúnas ginearálta aistrithe sin gach táirge a bhaineann leis an gcosaint a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 2009/43/CE agus ba cheart go gcumhdófaí leis freisin na haistrithe uile, bídís inláimhsithe nó doláimhsithe, nach mór don soláthróir a dhéanamh chun an tionscadal a chur chun feidhme. D'fhéadfadh na Ballstáit foráil a dhéanamh freisin go bhféadfaí ceadúnais den sórt sin a chur i bhfeidhm maidir le saolré iomlán an táirge a fhorbraítear i dtionscadal ar leith, lena n-áirítear céimeanna táirgthe, cothabhála agus uasghrádaithe. Dá dtabharfaí isteach ceadúnais ghinearálta aistrithe den sórt sin, laghdófaí moilleanna, mhéadófaí éifeachtúlacht agus d'éascófaí comhar idir gnóthais atá rannpháirteach sna tionscadail sin, rud a thacódh le tionscal cosanta an Aontais atá láidir agus iomaíoch a fhorbairt. Ba cheart a thuiscint gurb ionann an téarmaíocht a úsáidtear sa chomhthéacs sin agus téarmaíocht Shamhail-Chomhaontú Deontais[7] le haghaidh chláir chosanta an Aontais.

[7] Tá Samhail-Chomhaontú Deontais an Chiste Eorpaigh Cosanta ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin: https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/docs/2021-2027/edf/agr-contr/mga_edf_v1.0-01052023_en.pdf

(11) Ina theannta sin, agus éabhlóid na teicneolaíochta á cur san áireamh, is gá na rialacha maidir leis an bhfaisnéis atá le soláthar ag soláthróirí táirgí a bhaineann le cosaint a oiriúnú, ós rud é go bhféadfadh ualach trom a bheith ag baint leis na forálacha atá ann faoi láthair i gcás aistrithe teicneolaíochta doláimhsithe. Is iomchuí an tsolúbthacht is gá a sholáthar do sholáthróirí agus trédhearcacht agus rialú á gcoinneáil ar bun ag an am céanna, chun aistriú éifeachtúil agus éifeachtach táirgí cosanta laistigh den Aontas a éascú. Is gá measúnú cás ar chás a dhéanamh ar an ngá atá leis an gceanglas faisnéise le haghaidh aistrithe teicneolaíochta doláimhsithe a mhodhnú. Dá bhrí sin, níor cheart an deis a thabhairt do na Ballstáit ceanglais faisnéise den sórt sin a chur i bhfeidhm ach amháin a mhéid nach mbeidh oibleagáidí tuairiscithe róthroma ar na soláthróirí mar thoradh ar a gcur i bhfeidhm.

(12) Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[8]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(13) Sa mhéid go leasaítear Treoir 2009/43/CE leis an Treoir seo, is é Airteagal 114 den Chonradh an bunús dlí iomchuí, a mhéid a bhaineann leis na leasuithe sin.

(14) Chun na cumais agus an ullmhacht a theastaíonn a fhorbairt chun fogha armtha a dhíspreagadh go héifeachtach agus chun todhchaí an Aontais a dhéanamh slán, teastaíonn méadú ollmhór ar an infheistíocht Eorpach ar an gcosaint. Bunaithe ar réamh-mheastacháin maidir le glacadh de réir a chéile, d'fhéadfadh EUR 800 billiún ar a laghad a bheith san infheistíocht sa chosaint sna 4 bliana amach romhainn, lena n-áirítear an caiteachas a mhaoinítear leis an EUR 150 billiún ó Ionstraim um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE) a bunaíodh le Rialachán (AE) 2025/1106 ón gComhairle[9]. Tá soláthar poiblí substaintiúil i gceist leis na hinfheistíochtaí móra sin sa chosaint a dhéanann na Ballstáit. Is iomchuí, dá bhrí sin, forálacha áirithe de Threoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10] a shimpliú, lena rialaítear soláthar na cosanta agus oibreacha, earraí agus seirbhísí slándála íogaire, agus margadh cosanta a fheidhmíonn go maith á choinneáil ar bun ag an am céanna. Ba cheart an tsolúbthacht a thabhairt do na Ballstáit a gcuid stoc a athshlánú go tapa agus an cumas sin a dhéanamh ar bhealach inbhuanaithe, rud is fearr is féidir a bhaint amach trí leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an mhargaidh inmheánaigh. Trí na rialacha soláthair cosanta san Aontas a chuíchóiriú, ba cheart an tsolúbthacht is gá a bheith ag na Ballstáit chun freagairt do riachtanais slándála atá ag teacht chun cinn,

---

8 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj.

9 Rialachán (AE) 2025/1106 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2025 lena mbunaítear an Ionstraim um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE) trí Atreisiú an Tionscail Cosanta Eorpaigh (IO L, 2025/1106, 28.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1106/oj).

10 Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha, conarthaí soláthair agus conarthaí seirbhíse ag údaráis chonarthacha nó ag eintitis i réimsí na cosanta agus na slándála a chomhordú, agus lena leasaítear Treoracha 2004/17/CE agus 2004/18/CE (IO L 216, 20.8.2009, lch. 76, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/81/oj).

agus margadh cosanta Eorpach iomaíoch agus comhtháite á chur chun cinn ag an am céanna chun tacú lena gcumais chosanta fhadtéarmacha.

(15) Chun an sprioc sin a bhaint amach, is gá na méideanna tairsí le haghaidh conarthaí a chumhdaítear le Treoir 2009/81/CE a ardú. Chuirfeadh an coigeartú sin ar a gcumas do na Ballstáit a n-acmhainní a dhíriú ar na conarthaí is criticiúla, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí a mbuiséid soláthair a leithdháileadh ar bhealach níos éifeachtaí. An tráth céanna, d'éascódh sé an t-ualach riaracháin ar an tionscal le haghaidh nósanna imeachta soláthair níos lú, rud a chuideoidh leis an gcastacht rialála agus na costais a bhaineann leis na conarthaí sin a laghdú.

(16) Thairis sin, ba cheart an tsolúbthacht a thabhairt do na Ballstáit leas a bhaint as na huirlisí uile atá ar fáil a bhaineann le soláthar poiblí. Chun líon na mbealaí ar féidir le húdaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha soláthar poiblí a dhéanamh a mhéadú, ba cheart an fhéidearthacht a chur isteach an nós imeachta oscailte agus an córas dinimiciúil ceannaigh a úsáid. Tá an dá nós imeachta sin bunaithe ar na nósanna imeachta dá bhforáiltear i dTreoir 2014/24 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11].

(17) Tá sé práinneach go cuirfidh an tAontas a hacmhainneacht nuálaíoch fhoriomlán a chur in úsáid agus infheistíochtaí mó a dhíriú ar an lámh in uachtar a fháil arís agus ar an spleáchas teicneolaíoch a sheachaint. Ba cheart Treoir 2009/81/CE a oiriúnú freisin chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do sholáthar na nuálaíochta, chun a áirithiú go mbeidh na hinfheistíochtaí móra arna ndéanamh ag na Ballstáit chun a n-ullmhacht cosanta a mhéadú slán i bhfad na haimsire agus go mbeidh tairbhí fadtéarmacha ag baint leo. Trí sholáthar réiteach nuálach cosanta a éascú, d'fhéadfadh an tAontas forbairt teicneolaíochtaí agus cumas ceannródaíoch a spreagadh, an chosaint a chlaochlú ar deireadh trí nuálaíocht shuaiteach agus éifeachtacht agus athléimneacht a chórais cosanta a fheabhsú. Chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do sholáthar taighde agus forbartha agus réiteach nuálach, ba cheart nós imeachta comhpháirtíochta nuálaíochta atá modhnaithe agus níos solúbtha bunaithe ar Threoir 2014/24/AE a thabhairt isteach i dTreoir 2009/81/CE. Ba cheart nós imeachta simplithe a chur isteach freisin maidir le soláthar díreach táirgí agus seirbhísí nuálacha a eascraíonn as tionscadail iomaíocha chomhthreomhara taighde agus forbartha. Chuirfeadh sé sin ar a gcumas do na Ballstáit fanacht ar thús cadhnaíochta sa teicneolaíocht cosanta, agus comhar agus iomaíocht i measc comhpháirtithe tionscail á gcur chun cinn ag an am céanna. I measc na dtairbhí a bhaineann leis an gcur chuige sin tá rochtain níos tapúla ar réitigh nuálacha, rioscaí forbartha laghdaithe agus cost-éifeachtúlacht mhéadaithe, as a dtiocfaidh ar deireadh cumais chosanta fheabhsaithe agus Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (BTTCE) níos iomaíche.

(18) Chun an tsolúbthacht is gá a sholáthar do na Ballstáit chun freagairt do dhúshláin slándála atá ag teacht chun cinn, tá sé ríthábhachtach féidearthacht theoranta ama a thabhairt isteach chun an nós imeachta idirbheartaithe a úsáid gan é a fhoilsiú roimh ré le haghaidh soláthairtí comhoibríocha, lena n-áirítear soláthar réamhdhéanta. Chuirfeadh an maolú sealadach sin ar a gcumas do na Ballstáit na cumais chosanta a theastaíonn uathu a fháil go tapa, agus ag an am céanna foráil a dhéanamh maidir le méid áirithe solúbthachta i nósanna imeachta soláthair, rud a thacódh le hathshlánú

[11] Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lgh. 65–242, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/24/oj).

tapa a stoc agus le feabhsú a n-ullmhachta cosanta. Thairis sin, trí chead a thabhairt do na Ballstáit táirgí cosanta comhionanna nó táirgí nach bhfuil ach faoi réir mionmhodhnuithe a sholáthar, lena n-áirítear cothabháil choiteann, rannchuidítear le hidir-inoibritheacht agus idirmhalartacht threalamh fhórsaí armtha na mBallstát a dhoimhniú, rud lena neartófar ullmhacht cosanta an Aontais a thuilleadh agus lena bhfeabhsófar slándáil an tsoláthair.

(19) Tá gá le hinfheistíocht chomhoibríoch níos mó agus níos fearr, ó thaighde go forbairt córas casta, trí thráchtálú go soláthar, chun ceannasacht theicneolaíoch an Aontais a mhéadú. Tá soláthar comhoibríoch ag na Ballstáit ríthábhachtach chun éifeachtúlacht, éifeachtacht agus idir-inoibritheacht na gcumas cosanta a fheabhsú, rud a chuirfidh le cosaint Eorpach a bheith níos láidre agus níos comhtháite. Ag tógáil ar fhógra 2019 ón gCoimisiún maidir le treoir i ndáil le soláthar comhoibríoch i réimsí na cosanta agus na slándála[12], is gá forálacha a leagan síos a bhaineann leis na Ballstáit a bheith rannpháirteach i gcláir chomhoibritheacha bunaithe ar thaighde agus ar fhorbairt tar éis dheireadh na céime taighde agus forbartha do na céimeanna níos déanaí den saolré. Ina theannta sin, agus chun tacú leis na céimeanna níos déanaí de shaolré na gclár taighde agus forbartha cosanta arna gcistiú ag an Aontas, is gá a shoiléiriú gur féidir leis na Ballstáit tairbhe a bhaint as an eisiamh le haghaidh cláir chomhair atá bunaithe ar thaighde agus ar fhorbairt faoi na coinníollacha céanna freisin le haghaidh tionscadail arna gcistiú faoi chláir taighde agus forbartha i réimse na cosanta, amhail an Ciste Eorpach Cosanta. Leis sin, sholáthrófaí an deimhneacht dhlíthiúil is gá agus d'áiritheofaí go dtacódh an tsolúbthacht arna cumasú tríd an eisiamh le leanúint de thionscadail an Chiste Eorpaigh Cosanta faoi chreat comhoibritheach fiú tar éis thabhairt chun críche na céime taighde agus forbartha. Shoiléireofaí leis freisin go mbainfeadh na Ballstáit a thagann isteach tar éis na céime taighde agus forbartha mar fhíor-rannpháirtithe sa chlár comhoibritheach tairbhe as an eisiamh freisin.

(20) Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt don soláthar comhoibríoch agus chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, is gá rialacha a leagan síos i dTreoir 2009/81/CE maidir le soláthar lena mbaineann údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha ó na Ballstáit éagsúla.

(21) Chun intuarthacht agus cobhsaíocht níos fearr a sholáthar do na Ballstáit ina bpleanáil soláthair cosanta, is gá na rialacha lena rialaítear creat-chomhaontuithe a mhodhnú. Go sonrach, chun sainiúlachtaí na earnála cosanta a léiriú, is gá síneadh 10 mbliana a chur le huastréimhse fhéideartha na gcreat-chomhaontuithe, rud a chuirfidh ar a gcumas do na Ballstáit comhpháirtíochtaí níos fadtéarmaí a bhunú leis an tionscal agus a riachtanais soláthair cosanta a phleanáil le cinnteacht níos fearr, agus a áirithiú ag an am céanna go leanfaidh rialacha soláthair cosanta an Aontais de bheith solúbtha agus oiriúnaithe do riachtanais shonracha na hearnála cosanta.

(22) Ba cheart do Threoir 2009/81/CE cásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a léiriú freisin agus ailíniú le forálacha Threoir 2014/24/AE maidir le conarthaí a mhodhnú. Go sonrach, ba cheart na rialacha maidir le modhnú an chreat-chomhaontaithe a chur i bhfeidhm ar an mbealach céanna i dTreoir 2009/81/CE agus atá i dTreoir 2014/24/AE.

(23) Chun an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit a laghdú, ba cheart na hoibleagáidí tuairiscithe staidrimh a bhaineann le soláthar cosanta a laghdú, rud a chuirfeadh ar a

[12] Fógra ón gCoimisiún maidir le treoir i dtaca le soláthar comhoibríoch sna réimsí cosanta agus slándála (IO C 157, 8.5.2019, lgh. 1–9).

gcumas do na húdaráis náisiúnta díriú ar chur chun feidhme a mbeartas cosanta agus ar úsáid éifeachtúil a n-acmhainní. Sa mhéid go leasaítear Treoir 2009/81/CE leis an Treoir seo, is iad Airteagal 53(2), Airteagal 62 agus Airteagal 114 den Chonradh an bunús dlí iomchuí, a mhéid a bhaineann leis na leasuithe sin.

(24) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2009/43/CE agus Treoir 2009/81/CE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1
Leasuithe ar Threoir 2009/43/CE

Leasaítear Treoir 2009/43/CE mar seo a leanas:

(1) cuirtear an pointe 8 seo a leanas le hAirteagal 3:

‘8. ‘ciallaíonn ‘géarchéim’ géarchéim mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (10) de Threoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*’;

_____

*Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha, conarthaí soláthair agus conarthaí seirbhíse ag údaráis chonarthacha nó ag eintitis i réimsí na cosanta agus na slándála a chomhordú, agus lena leasaítear Treoracha 2004/17/CE agus 2004/18/CE (IO L 216, 20.8.2009, lch. 76, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/81/oj).’;

(2) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. D’ainneoin mhír 1, féadfaidh na Ballstáit aistrithe táirgí a bhaineann leis an gcosaint a dhíolmhú ón oibleagáid réamhúdarú a fháil faoi mar atá leagtha amach sa mhír sin más rud é:

(a) gur comhlacht rialtais nó cuid de na fórsaí armtha an soláthróir nó an faighteoir;

(aa) gur institiúid de chuid an Aontais, comhlacht de chuid an Aontais, nó an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint é an faighteoir;

(b) gurb é an tAontas, gurb í Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh nó an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach nó gur eagraíocht idir-rialtasach eile a dhéanann na soláthairtí chun a dtascanna a fheidhmiú;

(c) go bhfuil an t-aistriú riachtanach chun comharchlár armála idir na Ballstáit a chur chun feidhme;

(ca) go bhfuil an t-aistriú riachtanach chun tionscadal arna chistiú faoi chlár tionsclaíoch de chuid an Aontais sa réimse cosanta a chur chun feidhme;

(cb) go ndéantar an t-aistriú faoi chuimsiú comhpháirtíocht struchtúrtha thionsclaíoch trasteorann;

(cc) go dtarlaíonn an t-aistriú i bpráinn a eascraíonn as géarchéim;

(d) go mbaineann an t-aistriú le cabhair dhaonnúil i gcás tubaiste nó gur deonachán é i gcás éigeandála;

(da) go bhfuil an t-aistriú nasctha le cúnamh míleata agus cosanta a eascraíonn as gníomhaíochtaí an Aontais faoi Airteagal 28 den Chonradh ar an Aontas Eorpach i gcás ina gcinnfidh an Chomhairle d’aon toil, de bhun Airteagal 41(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach;

(e) go bhfuil an t-aistriú riachtanach le haghaidh nó tar éis deisiú, cothabhála, taispeána nó léiriú.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Treoir seo a fhorlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 13a, arna iarraidh sin do Bhallstát nó ar a thionscnamh féin, lena leasaítear mír 2, chun cásanna breise a áireamh i gcás an mhéid seo a leanas:

(a) ina ndéantar an t-aistriú faoi dhálaí nach ndéanann difear do bheartas poiblí ná do shlándáil phoiblí;

(b) ina bhfuil an oibleagáid maidir le réamhúdarú ar neamhréir le ceangaltais idirnáisiúnta na mBallstát tar éis an Treoir seo a ghlacadh;

(c) is gá an leasú le haghaidh comhar idir-rialtasach, mar a thagraítear dó in Airteagal 1(4);

(d) go bhfuil an t-aistriú riachtanach le haghaidh comhar trasteorann;'

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh soláthróirí a dteastaíonn uathu táirgí a bhaineann le cosaint a aistriú óna gcríoch ceadúnais ghinearálta aistrithe a úsáid nó iarratas a dhéanamh ar cheadúnas iomlánaíoch aistrithe nó ar cheadúnas aonair aistrithe i gcomhréir le hAirteagail 5, 6 agus 7. Ní fhorchuirfear aon réamhchoinníoll a mbeadh sé d'éifeacht acu cosc a chur ar sholáthróirí ceadúnais ghinearálta aistrithe a úsáid nó iarratas a dhéanamh ar cheadúnais aistrithe dhomhanda nó aonair, ar bhonn critéar nach bhfuil nasctha lena n-acmhainneacht a n-oibleagáidí a chomhlíonadh i réimsí an aistrithe agus an rialaithe onnmhairiúcháin.'

(d) cuirtear isteach an mhír 8a seo a leanas:

'8a. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a, arna iarraidh sin do Bhallstát nó ar a thionscnamh féin, chun coinníollacha comhchuibhithe a chinneadh maidir le míreanna 5 agus 8 a chur i bhfeidhm'.

(3) Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) gur gnóthas é an faighteoir nó an soláthróir atá deimhnithe i gcomhréir le hAirteagal 9;';

(ii) cuirtear isteach pointe (e) seo a leanas:

'(e) ceanglaítear an foilsiú le hAirteagal 5a.';

(b) cuirtear na míreanna 2 a agus 2b seo a leanas isteach:

'2a. Soláthróidh na Ballstáit ina reachtaíocht an fhéidearthacht ceadúnais ghinearálta aistrithe a thabhairt isteach seachas iad siúd a liostaítear in Airteagal 5(2).

2b. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Treoir seo a fhorlíonadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 13a, chun raon feidhme íosta na gceadúnas ginearálta aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 5(2) a chomhchuibhiú.';

(4) cuirtear isteach an tAirteagal 5a seo a leanas:

‘Airteagal 5a

Ceadúnais aistrithe riachtanacha chun tionscadal arna chistiú faoi chláir thionsclaíocha de chuid an Aontais sa réimse cosanta a chur chun feidhme

1. Foilseoidh na Ballstáit ceadúnais ghinearálta aistrithe le haghaidh aistrithe is gá chun tionscadail arna gcistiú faoi chlár tionsclaíoch de chuid an Aontais sa réimse cosanta a chur chun feidhme. Beidh feidhm ag na ceadúnais sin maidir le gach táirge a bhaineann leis an gcosaint agus cumhdófar leo gach aistriú is gá chun an tionscadal a chur chun feidhme.

2. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le feidhm a bheith ag an gcóras ceadúnúcháin dá dtagraítear i mír 1 freisin maidir leis na céimeanna níos déanaí de shaolré na dtionscadal a tharlaíonn tar éis na gcéimeanna arna gcistiú faoi chlár tionsclaíoch de chuid an Aontais sa réimse cosanta.

3. Ní éileoidh na Ballstáit aon ghealltanas breise, amhail deimhnithe a bhaineann le húsáid deiridh nó teorainneacha le honnmhairiú táirgí a bhaineann leis an gcosaint, más rud é go bhfuil gealltanas i gcomhaontú cistiúcháin nó i gconradh arna thabhairt i gcrích faoi chlár tionsclaíoch de chuid an Aontais i ndáil leis an gcosaint nach ndéanfar na táirgí a bhaineann leis an gcosaint atá nasctha le cur chun feidhme tionscadail ar leith a chomhroinnt gan údarú, thar na rannpháirtithe sa chomhaontú cistiúcháin nó na páirtithe sa chonradh i dtrácht, an t-údarás cistiúcháin nó conarthach, nó i gcás inarb ábhartha, an Coimisiún nuair nach é an t-údarás cistiúcháin nó conarthach agus an Chúirt Iniúchóirí dá dtagraítear i mír 4 é.

4. Féadfar a shainiú sa chomhaontú cistiúcháin nó sa chonradh cistiúcháin na módúlachtaí faoinar féidir na táirgí a bhaineann le cosaint atá nasctha le cur chun feidhme tionscadail ar leith a aistriú chuig an gCúirt Iniúchóirí i gcás ina mbeidh ceangal dlíthiúil ar na rannpháirtithe, ar na húdaráis chistiúcháin nó ar na húdaráis chonarthacha, nó i gcás inarb ábhartha, ar an gCoimisiún nuair nach é an cistiú ná an t-údarás conarthach é sin a dhéanamh.’;

(5) in Airteagal 8, cuirtear isteach an mhír 3a seo a leanas:

‘3a. Ní bheidh feidhm ag forálacha an Airteagail seo, go háirithe Airteagal 8(3), pointí (b) agus (c), dá réir sin, maidir le haistrithe teicneolaíochta doláimhsithe ach amháin a mhéid nach mbeidh oibleagáidí tuairiscithe díréireacha ar na soláthróirí mar thoradh ar a gcur i bhfeidhm.’;

(6) leasaítear Airteagal 13a mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an mhír 2a seo a leanas:

‘2a. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 4(8a) a ghlacadh go ceann tréimhse 5 bliana ón [dáta ghlacadh na treorach leasaithí]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuirfidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 4(3), Airteagal 4(8a) agus Airteagal 13 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh cúlghairme cuirfear deireadh leis an tarmligean cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 4(3), Airteagal 4(8a) nó Airteagal 13 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 3 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.’.

Airteagal 2
Leasuithe ar Threoir 2009/81/CE

Leasaítear Treoir 2009/81/CE mar seo a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 15 agus 16:

’15. Ciallaíonn ‘iarrthóir’ oibreoir eacnamaíoch a d’iarr cuireadh chun páirt a ghlacadh i nós imeachta srianta nó caibidlithe, in idirphlé iomaíoch, nó i gcomhpháirtíocht nuálaíochta;

16. Ciallaíonn ‘tairgeoir’ oibreoir eacnamaíoch a bhfuil tairiscint curtha isteach aige faoi nós imeachta oscailte, faoi nós imeachta srianta nó idirbheartaithe, faoi idirphlé iomaíoch, nó faoi chomhpháirtíocht nuálaíochta;’;

(b) cuirtear isteach na pointí 17 a agus 17b seo a leanas:

‘17a. Ciallaíonn ‘gníomhaíochtaí láraithe ceannaigh’ gníomhaíochtaí a dhéantar ar bhonn buan, i gceann de na foirmeacha seo a leanas:

fáil soláthairtí agus/nó seirbhísí atá beartaithe d’údaráis chonarthacha/d’eintitis chonarthacha,

(b) conarthaí poiblí a dhámhachtain nó creat-chomhaontuithe a thabhairt i gcrích le haghaidh oibreacha, soláthairtí nó seirbhísí atá beartaithe d’údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha;’

17b. Ciallaíonn ‘gníomhaíochtaí ceannaigh coimhdeacha’ gníomhaíochtaí arb é atá iontu tacaíocht a sholáthar do ghníomhaíochtaí ceannaigh, go háirithe sna foirmeacha seo a leanas:

(a) bonneagar teicniúil lena gcuirtear ar a gcumas d’údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha conarthaí poiblí a dhámhachtain nó creat-chomhaontuithe a thabhairt i gcrích le haghaidh oibreacha, soláthairtí nó seirbhísí;

(b) comhairle maidir le seoladh nó dearadh nósanna imeachta soláthair phoiblí;

(c) nósanna imeachta soláthair a ullmhú agus a bhainistiú thar ceann agus ar chuntas an údaráis chonarthaigh/an eintitis chonarthaigh lena mbaineann;';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 18:

'18. Ciallaíonn 'comhlacht lárnach ceannaigh' údarás/eintiteas conarthach a chuireann gníomhaíochtaí láraithe ceannaigh agus, b'fhéidir, gníomhaíochtaí coimhdeacha ceannaigh ar fáil;

(d) cuirtear isteach an pointe 18 a seo a leanas:

'18a. Ciallaíonn 'nós imeachta oscailte' nós imeachta inar féidir le haon oibreoir eacnamaíoch leasmhar tairiscint a chur isteach;';

(e) cuirtear isteach an pointe 21a a seo a leanas:

'21a. Ciallaíonn 'córas dinimiciúil ceannaigh' próiseas iomlán leictreonach chun ceannacháin a úsáidtear go coitianta a dhéanamh, a gcomhlíonann a shaintréithe, mar atá ar fáil go ginearálta ar an margadh, ceanglais an údaráis chonarthaigh, atá teoranta ó thaobh faid de agus oscailte le linn a bhailíochta d'aon oibreoir eacnamaíoch a chomhlíonann na critéir roghnúcháin agus a bhfuil tairiscint tháscach curtha isteach aige a chomhlíonann an tsonraíocht.';

(f) cuirtear an pointe 29 seo a leanas leis:

'29. ciallaíonn 'cothabháil' na gníomhaíochtaí uile a dhéantar chun ullmhacht agus cumas oibríochtúil táirge cosanta a áirithiú, go háirithe chun trealamh a choinneáil ann nó é a athbhunú i ndálaí sonraithe go dtí deireadh a úsáide, lena n-áirítear ullmhacht, fad saoil agus uasghráduithe misin, saincheapadh agus speisialtóireacht, cigireacht, ollchóiriú, tástáil, seirbhísiú, modhnuithe, aicmiú maidir le hinseirbhíseacht, deisiú, aisghabháil, atógáil, tarrthálas agus canabladh;';

(2) Leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) i bpointe (a), cuirtear 'EUR 900 000' in ionad 'EUR 443 000';

(b) i bpointe (b), cuirtear 'EUR 7 000 000' in ionad 'EUR 5 538 000';

(3) Leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

'9. Maidir le creat-chomhaontuithe agus córais dhinimiciúla cheannaigh, is é an luach measta a bheidh le cur san áireamh uasluach measta, glan ó CBL, na gconarthaí uile atá beartaithe do théarma iomlán an chreat-chomhaontaithe nó an chórais dhinimiciúil ceannaigh.';

(b) cuirtear an mhír 10 seo a leanas leis:

'10. I gcás comhpháirtíochtaí nuálaíochta, is é an luach a bheidh le cur san áireamh uasluach measta CBL na ngníomhaíochtaí taighde agus forbartha a dhéanfar ag gach céim den chomhpháirtíocht bheartaithe chomh maith leis na soláthairtí, na seirbhísí nó na hoibreacha a bheith le forbairt agus le soláthar ag deireadh na comhpháirtíochta atá beartaithe.';

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

'Airteagal 10

Conarthaí agus creat-chomhaontuithe arna ndámhachtain ag comhlachtaí lárnacha ceannaigh

1. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go bhféadfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha oibreacha, soláthairtí agus/nó seirbhísí a fháil ó chomhlacht lárnach ceannaigh nó trí chomhlacht lárnach ceannaigh.

   Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh freisin go bhféadfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha oibreacha, soláthairtí agus seirbhísí a fháil trí úsáid a bhaint as conarthaí arna ndámhachtain ag comhlacht lárnach ceannaigh, trí úsáid a bhaint as córais dhinimiciúla ceannaigh arna n-oibriú ag comhlacht lárnach ceannaigh nó, a mhéid a leagtar amach in Airteagal 29(2), an dara fomhír, trí úsáid a bhaint as creat-chomhaontú arna thabhairt i gcrích ag comhlacht lárnach ceannaigh a thairgeann an ghníomhaíocht láraithe ceannaigh. I gcás ina bhféadfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha eile córas dinimiciúil ceannaigh atá á oibriú ag comhlacht lárnach ceannaigh a úsáid, luafar é sin sa ghlao chun iomaíochta lena mbunaítear an córas dinimiciúil ceannaigh sin.

   I ndáil leis an gcéad fhomhír agus an dara fomhír, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go ndéanfar soláthairtí áirithe trí dhul ar iontaoibh comhlachtaí lárnacha ceannaigh nó comhlacht lárnach ceannaigh sonrach amháin nó níos mó.

2. Údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha a cheannaíonn oibreacha, soláthairtí agus/nó seirbhísí ó chomhlacht lárnach ceannaigh nó trí chomhlacht lárnach ceannaigh, measfar gur chomhlíon siad an Treoir seo sa mhéid:

   (a) gur chomhlíon an comhlacht lárnach ceannaigh é, nó,

   (b) i gcás nach údarás conarthach/eintiteas conarthach é an comhlacht lárnach ceannaigh, go gcomhlíonann na rialacha dámhachtana conartha a chuireann sé i bhfeidhm an Treoir seo agus is féidir na conarthaí arna ndámhachtain a bheith faoi réir leigheasanna éifeachtúla atá inchomparáide leis na leigheasanna dá bhforáiltear i dTeideal IV.

   Thairis sin, measfar go bhfuil a oibleagáidí de bhun na Treorach seo comhlíonta ag údarás conarthach/eintiteas conarthach freisin i gcás ina bhfaigheann sé oibreacha, soláthairtí nó seirbhísí trí úsáid a bhaint as conarthaí arna ndámhachtain ag an gcomhlacht lárnach ceannaigh, trí úsáid a bhaint as córais dhinimiciúla ceannaigh arna n-oibriú ag an gcomhlacht lárnach ceannaigh nó, a mhéid a leagtar amach in Airteagal 29(2), an dara fomhír, trí úsáid a bhaint as creat-chomhaontú arna thabhairt i gcrích ag an gcomhlacht lárnach ceannaigh.

   Mar sin féin, beidh an t-údarás conarthach/an t-eintiteas conarthach lena mbaineann freagrach as na hoibleagáidí de bhun na Treorach seo a chomhlíonadh i ndáil leis na codanna a iompraíonn sé féin, go háirithe:

   (a) conradh a dhámhachtain faoi chóras dinimiciúil ceannaigh, arna oibriú ag comhlacht lárnach ceannaigh;

   (b) athoscailt iomaíochta a dhéanamh faoi chreat-chomhaontú arna thabhairt i gcrích ag comhlacht lárnach ceannaigh;

   (c) de bhun Airteagal 29(4), lena gcinntear cé acu de na hoibreoirí eacnamaíocha, is páirtithe sa chreat-chomhaontú, a dhéanfaidh cúram ar leith faoi chreat-chomhaontú arna thabhairt i gcrích ag comhlacht lárnach ceannaigh.

3. Féadfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha, gan na nósanna imeachta dá bhforáiltear sa Treoir seo a chur i bhfeidhm, conradh seirbhíse poiblí a dhámhachtain do chomhlacht lárnach ceannaigh chun gníomhaíochtaí láraithe ceannaigh a sholáthar.

   Féadfar soláthar gníomhaíochtaí coimhdeacha ceannaigh a áireamh sna conarthaí seirbhíse poiblí sin freisin.';

(5) cuirtear isteach an tAirteagal 10a seo a leanas:

'Airteagal 10a

Soláthar lena mbaineann údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha ó Bhallstáit éagsúla

1. Féadfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha ó Bhallstáit éagsúla gníomhú go comhpháirteach chun conarthaí poiblí a dhámhachtain i gcomhréir leis an Airteagal seo.

   Ní úsáidfidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha forálacha an Airteagail seo chun cur i bhfeidhm fhorálacha sainordaitheacha an dlí phoiblí a sheachaint i gcomhréir le dlí an Aontais a bhfuil siad faoina réir ina mBallstát.

2. Ní chuirfidh Ballstát toirmeasc ar a údaráis chonarthacha/a eintitis chonarthacha úsáid a bhaint as gníomhaíochtaí lárnacha ceannaigh arna dtairiscint ag comhlachtaí lárnacha ceannaigh atá lonnaithe i mBallstát eile ná gníomhaíochtaí lárnacha ceannaigh a thairiscint d'údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha atá lonnaithe i mBallstát eile.

   Maidir le gníomhaíochtaí láraithe ceannaigh a thairgeann comhlacht lárnach ceannaigh atá lonnaithe i mBallstát eile seachas an t-údarás conarthach/an t-eintiteas conarthach, féadfaidh na Ballstáit a shonrú nach bhféadfaidh a n-údaráis chonarthacha/a n-eintitis chonarthacha ach na gníomhaíochtaí láraithe ceannaigh a úsáid mar a shainmhínítear in Airteagal 1(17b)(a) nó (b).

3. Déanfaidh comhlacht lárnach ceannaigh atá lonnaithe i mBallstát eile gníomhaíochtaí láraithe ceannaigh a sholáthar i gcomhréir le forálacha náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil an comhlacht lárnach ceannaigh lonnaithe.

   Beidh feidhm freisin ag forálacha náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil an comhlacht lárnach ceannaigh lonnaithe maidir le conradh a dhámhachtain faoi chóras dinimiciúil ceannaigh agus maidir le hathoscailt iomaíochta a dhéanamh faoi chreat-chomhaontú.

4. Féadfaidh roinnt údarás conarthach/eintiteas conarthach ó Bhallstáit éagsúla conradh poiblí a dhámhachtain go comhpháirteach, creat-chomhaontú a thabhairt i gcrích nó córas dinimiciúil ceannaigh a oibriú. Féadfaidh siad freisin, a mhéid a leagtar amach in Airteagal 29(2), an dara fomhír, conarthaí a dhámhachtain bunaithe ar an gcreat-chomhaontú nó ar an gcóras dinimiciúil ceannaigh.

   Mura rud é go ndearnadh na heilimintí riachtanacha a rialáil le comhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích idir na Ballstáit lena mbaineann, tabharfaidh na húdaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha rannpháirteacha comhaontú i gcrích lena gcinnfear:

   (a) freagrachtaí na bpáirtithe agus na forálacha náisiúnta ábhartha is infheidhme;

   (b) eagrú inmheánach an nós imeachta soláthair, lena n-áirítear bainistiú an nós imeachta, dáileadh na n-oibreacha, na soláthairtí nó na seirbhísí atá le soláthar, agus conarthaí a thabhairt i gcrích.

   Measfar go bhfuil a oibleagáidí de bhun na Treorach seo comhlíonta ag údarás conarthach/eintiteas conarthach rannpháirteach nuair a cheannaíonn sé oibreacha, soláthairtí nó seirbhísí ó údarás conarthach/eintiteas conarthach atá freagrach as an nós imeachta soláthair. Agus freagrachtaí agus an dlí náisiúnta is infheidhme dá dtagraítear

sa dara fomhír, pointe (a), á gcinneadh ag na húdaráis chonarthacha/na heintitis chonarthacha rannpháirteacha, féadfaidh siad freagrachtaí sonracha a leithdháileadh eatarthu agus na forálacha náisiúnta is infheidhme d'aon cheann dá mBallstáit faoi seach a chinneadh. Déanfar tagairt do leithdháileadh na bhfreagrachtaí agus don dlí náisiúnta is infheidhme sna doiciméid soláthair le haghaidh conarthaí poiblí arna ndámhachtain go comhpháirteach.

5. I gcás ina bhfuil eintiteas comhpháirteach arna bhunú faoi dhlí an Aontais curtha ar bun ag roinnt údarás conarthach/eintiteas conarthach ó Bhallstáit éagsúla, tiocfaidh na húdaráis chonarthacha/na heintitis chonarthacha rannpháirteacha, trí chinneadh ó chomhlacht inniúil an eintitis chomhpháirtigh, ar chomhaontú maidir leis na rialacha soláthair náisiúnta is infheidhme i gceann de na Ballstáit seo a leanas:

(a) forálacha náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil a oifig chláraithe ag an eintiteas comhpháirteach;

(b) forálacha náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil an t-eintiteas comhpháirteach i mbun a ghníomhaíochtaí.

Féadfaidh feidhm a bheith ag an gcomhaontú dá dtagraítear sa chéad fhomhír ar feadh tréimhse neamhchinntithe, nuair a shocraítear é i ngníomh bunaidh an eintitis chomhpháirtigh, nó féadfaidh sé a bheith teoranta do thréimhse áirithe ama, do chineálacha áirithe conarthaí nó do dhámhachtain conartha aonair amháin nó níos mó.';

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c) agus phointe (d) in Airteagal 13:

'(c) conarthaí arna ndámhachtain faoi chuimsiú cláir chomhair atá bunaithe ar thaighde agus ar fhorbairt, arna ndéanamh i gcomhpháirt ag dhá Bhallstát ar a laghad chun táirge nua a fhorbairt nó uasghrádú as a dtiocfaidh athruithe substaintiúla nó feabhsuithe substaintiúla ar tháirge atá ann cheana agus, i gcás inarb infheidhme, na céimeanna níos déanaí de shaolré iomlán an táirge sin nó cuid de. I gcás ina dtiocfaidh Ballstát chun bheith ina chomhalta iomlán de chlár comhoibritheach tar éis céim taighde agus forbartha an chláir sin a thabhairt chun críche, le haghaidh na gcéimeanna níos déanaí de shaolré an táirge, beidh feidhm ag an Airteagal seo maidir leis an mBallstát a thiocfaidh isteach ann. Is clár comhoibritheach é tionscadal taighde agus forbartha arna bhainistiú ag institiúidí nó comhlachtaí an Aontais agus, arna chur chun feidhme i gcomhréir le rialacha an Aontais agus arna chistiú ó bhuiséad an Aontais, arna chur i gcrích go comhpháirteach ag dhá Bhallstát ar a laghad agus is féidir leanúint leis ar feadh na gcéimeanna tar éis na céime taighde agus forbartha, agus sa chás sin féadfar conarthaí arna ndámhachtain faoi chuimsiú an chláir leantaigh a eisiamh freisin faoin Airteagal seo;

(d) conarthaí arna ndámhachtain i dtríú tír, lena n-áirítear conarthaí le haghaidh ceannacháin shibhialta, a dhéantar nuair a imscartar fórsaí nó nuair atá siad faoi oiliúint lasmuigh de chríoch an Aontais i gcás inar gá, de bharr riachtanais oibríochtúla, iad a thabhairt i gcrích le hoibreoirí eacnamaíocha atá lonnaithe i limistéar na n-oibríochtaí;';

(7) in Airteagal 25, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara agus an tríú mír:

'Féadfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha rogha a dhéanamh conarthaí a dhámhachtain tríd an nós imeachta oscailte, an nós imeachta srianta nó an nós imeachta idirbheartaithe a chur i bhfeidhm in éineacht le foilsiú fógra conartha.

Sna himthosca dá dtagraítear in Airteagal 27 nó in Airteagal 27a, féadfaidh siad conarthaí a dhámhachtain trí bhíthin idirphlé iomaíoch nó comhpháirtíocht nuálaíochta.';

(8) in Airteagal 27, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. I gcás conarthaí atá thar a bheith casta, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh, i gcás ina measann údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha nach gceadófar dámhachtain an chonartha le húsáid an nós imeachta oscailte, an nós imeachta srianta nó an nós imeachta idirbheartaithe in éineacht le foilsiú fógra conartha, go bhféadfaidh na húdaráis chonarthacha/na heintitis chonarthacha sin úsáid a bhaint as an idirphlé iomaíoch i gcomhréir leis an Airteagal seo.

Dámhfar conradh ar bhonn an chritéir dámhachtana don tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch agus ar an mbonn sin amháin.';

(9) cuirtear isteach an tAirteagal 27a seo a leanas:

'Airteagal 27a
Comhpháirtíocht nuálaíochta

1. Féadfaidh aon oibreoir eacnamaíoch iarraidh a chur isteach chun páirt a ghlacadh i gcomhpháirtíocht nuálaíochta tar éis fógra conartha a fháil tríd an bhfaisnéis le haghaidh roghnú cáilíochtúil a iarrann an t-údarás conarthach/an t-eintiteas conarthach a sholáthar.

Sna doiciméid soláthair, sainaithneoidh an t-údarás conarthach/an t-eintiteas conarthach an gá atá le táirge, seirbhís nó oibreacha nuálacha nach féidir a chomhlíonadh trí tháirgí, seirbhísí nó oibreacha atá ar fáil ar an margadh cheana féin a cheannach. Cuirfear in iúl ann cé na gnéithe den tuairisc seo a léiríonn íoscheanglais tháscacha ar cheart do gach tairiscint iad a chomhlíonadh. Beidh an fhaisnéis a sholáthraítear cruinn a dhóthain chun cur ar chumas oibreoirí eacnamaíocha cineál agus raon feidhme an réitigh is gá a shainaithint agus cinneadh a dhéanamh i dtaobh an iarrfaidh siad páirt a ghlacadh sa nós imeachta.

Féadfaidh an t-údarás/an t-eintiteas conarthach a chinneadh an chomhpháirtíocht nuálaíochta a chur ar bun le comhpháirtí amháin nó le roinnt comhpháirtithe atá i mbun gníomhaíochtaí taighde agus forbartha ar leithligh.

Is é 30 lá ón dáta a sheolfar an fógra conartha an íosteorainn ama chun iarrataí ar rannpháirtíocht a fháil. Déanfaidh an t-údarás conarthach/an t-eintiteas conarthach measúnú ar an bhfaisnéis arna soláthar ag na hoibreoirí eacnamaíocha agus iarrfaidh sé ar na hiarrthóirí oiriúnacha páirt a ghlacadh sa nós imeachta. Féadfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha teorainn a chur le líon na n-iarrthóirí oiriúnacha a dtabharfar cuireadh dóibh páirt a ghlacadh sa nós imeachta. Dámhfar na conarthaí ar bhonn chritéar dámhachtana an chóimheasa is fearr idir praghas agus cáilíocht, agus ar an mbonn sin amháin, i gcomhréir le hAirteagal 47.

2. Díreoidh an comhpháirtíocht nuálaíochta ar tháirge nó seirbhís nuálach nó oibreacha nuálacha a fhorbairt agus ceannach na soláthairtí, na seirbhísí nó na hoibreacha a thagann as sin ina dhiaidh sin, ar choinníoll go bhfuil siad ag teacht leis na leibhéil feidhmíochta agus na huaschostais ar tháinig na húdaráis/na heintitis chonarthacha agus na rannpháirtithe ar chomhaontú fúthu.

Déanfar an chomhpháirtíocht nuálaíochta a struchtúrú i gcéimeanna leanúnacha a leanann an seicheamh de chéimeanna sa phróiseas taighde agus nuálaíochta, ar a bhféadfar a áireamh monarú na dtáirgí, soláthar na seirbhísí nó cur i gcrích na

n-oibreacha. Socróidh an chomhpháirtíocht nuálaíochta spriocanna idirmheánacha ar cheart do na comhpháirtithe iad a bhaint amach agus déanfaidh sí foráil maidir le híocaíocht an luacha saothair i dtráthchodanna iomchuí.

Bunaithe ar na spriocanna sin, féadfaidh an t-údarás conarthach/an t-eintiteas conarthach a chinneadh tar éis gach céime an chomhpháirtíocht nuálaíochta a fhoirceannadh nó, i gcás comhpháirtíocht nuálaíochta le roinnt comhpháirtithe, líon na gcomhpháirtithe a laghdú trí chonarthaí aonair a fhoirceannadh, ar an gcoinníoll gur léirigh an t-údarás conarthach/an t-eintiteas conarthach sna doiciméid soláthair na féidearthachtaí seo agus na coinníollacha dá n-úsáid.

3. Mura bhforáiltear a mhalairt san Airteagal seo, rachaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha i mbun caibidlíochta le tairgeoirí maidir leis na tairiscintí tosaigh agus na tairiscintí uile ina dhiaidh sin a chuirfidh siad isteach, cé is moite den tairiscint deiridh, chun feabhas a chur ar a bhfuil inti.

   Ní bheidh na híoscheanglais agus na critéir dhámhachtana faoi réir idirbheartaíochta.

4. Le linn idirbheartaíochta, áiritheoidh na húdarás chonarthacha/na heintiteas chonarthacha cóir chomhionann do na tairgeoirí go léir. Chuige sin, ní sholáthróidh siad faisnéis ar bhealach idirdhealaitheach a d'fhéadfadh buntáiste a thabhairt do thairgeoirí áirithe thar thairgeoirí eile. Cuirfidh siad in iúl i scríbhinn do na tairgeoirí go léir nár cuireadh a dtairiscintí as an áireamh, de bhun mhír 5, faoi aon athrú ar na sonraíochtaí teicniúla nó ar dhoiciméid soláthair eile. Tar éis na n-athruithe sin, tabharfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha dóthain ama do thairgeoirí tairiscintí leasaithe a mhodhnú agus a chur isteach an athuair, de réir mar is iomchuí.

   I gcomhréir le hAirteagal 6, ní nochtfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha do na rannpháirtithe eile faisnéis rúnda arna cur in iúl ag iarrthóir nó tairgeoir atá rannpháirteach san idirbheartaíocht gan a chomhaontú. Ní bheidh comhaontú den sórt sin i bhfoirm tarscaoileadh ginearálta ach tabharfar é agus tagairt á déanamh do chur in iúl beartaithe na faisnéise sonraí.

5. Féadfar idirbheartaíocht le linn nósanna imeachta comhpháirtíochta nuálaíochta a dhéanamh i gcéimeanna comhleanúnacha chun líon na dtairiscintí a bheidh le hidirbheartaíocht a laghdú trí na critéir dhámhachtana a shonraítear san fhógra conartha a chur i bhfeidhm, sa chuireadh chun leas a dheimhniú nó sna doiciméid soláthair. San fhógra conartha, sa chuireadh chun leas a dheimhniú nó sna doiciméid soláthair, cuirfidh an t-údarás conarthach/an t-eintiteas conarthach in iúl cé acu a úsáidfidh nó nach n-úsáidfidh sé an rogha sin. Roimh dheireadh céime leanúnaí, féadfaidh an t-údarás conarthach/an t-eintiteas conarthach na critéir dhámhachtana agus na huaschostais a shonrú a bheidh le húsáid chun na tairiscintí atá rannpháirteach sa chéim ina dhiaidh sin a roghnú. Beidh na critéir dhámhachtana sin agus na costais uasta comhréireach leis na torthaí a bhfuil coinne leo ón gcéim leanúnach agus le cuspóirí na comhpháirtíochta nuálaíochta. I gcás ina dtiocfaidh tairgeoir a cuireadh as an áireamh i gcéim roimhe sin chun bheith incháilithe le haghaidh na chéad chéime eile mar thoradh ar na critéir dhámhachtana sin agus ar na costais uasta, iarrfar ar an tairgeoir sin a bheith rannpháirteach sa chéad chéim eile.

6. Agus iarrthóirí á roghnú acu, cuirfidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha critéir i bhfeidhm go háirithe maidir le hinniúlacht na n-iarrthóirí i réimse an taighde agus na forbartha agus maidir le réitigh nuálacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

   Ní fhéadfaidh ach na hoibreoirí eacnamaíocha sin ar thug an t-údarás conarthach/an t-eintiteas conarthach cuireadh dóibh tar éis dó measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a

iarradh tionscadail taighde agus nuálaíochta a chur isteach arb é is aidhm dóibh freastal ar na riachtanais arna sainaithint ag an údarás conarthach/eintiteas conarthach nach féidir freastal orthu le réitigh atá ann cheana.

Sna doiciméid soláthair, sonróidh an t-údarás/an t-eintiteas conarthach na socruithe is infheidhme i leith cearta maoine intleachtúla. I gcás comhpháirtíocht nuálaíochta le roinnt comhpháirtithe, ní nochtfaidh an t-údarás conarthach/an t-eintiteas conarthach, i gcomhréir le hAirteagal 6, do na comhpháirtithe eile réitigh a mholtar ná faisnéis rúnda eile a chuireann comhpháirtí in iúl faoi chuimsiú na comhpháirtíochta gan comhaontú an chomhpháirtí sin. Ní bheidh comhaontú den sórt sin i bhfoirm tarscaoileadh ginearálta ach tabharfar é agus tagairt á déanamh do chur in iúl beartaithe na faisnéise sonraí.

7. Áiritheoidh an t-údarás/an t-eintiteas conarthach go bhfuil struchtúr na comhpháirtíochta agus, go háirithe, fad tréimhse agus luach na gcéimeanna éagsúla ag teacht le leibhéal nuálaíochta an réitigh atá molta agus seicheamh na ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a éilítear chun réiteach nuálach nach bhfuil ar fáil ar an margadh fós a fhorbairt. Ní bheidh luach measta soláthairtí, seirbhísí ná oibreacha díréireach i dtaca leis an infheistíocht is gá chun iad a fhorbairt.';

(10) Leasaítear Airteagal 28 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (1):

'(1) i gcás conarthaí oibreacha, conarthaí soláthair agus conarthaí seirbhíse:

(a) i gcás nár cuireadh aon tairiscint nó aon tairiscint oiriúnach isteach nó nár cuireadh aon iarratas isteach mar fhreagairt ar nós imeachta oscailte, ar nós imeachta srianta, ar nós imeachta idirbheartaithe lenar foilsíodh fógra conartha, idirphlé iomaíoch nó comhpháirtíocht nuálaíochta roimh ré, ar choinníoll nach ndéanfar athrú substaintiúil ar choinníollacha tosaigh an chonartha agus ar choinníoll go gcuirfear tuarascáil chuig an gCoimisiún, má iarrann sé amhlaidh;

(b) i gcás tairiscintí neamhrialta nó tairiscintí a chur isteach nach bhfuil inghlactha faoi fhorálacha náisiúnta atá comhoiriúnach le hAirteagail 5, 19, 21 go 24 agus Caibidil VII de Theideal II, mar fhreagairt ar nós imeachta oscailte, nós imeachta srianta, nós imeachta idirbheartaithe in éineacht le foilsiú, idirphlé iomaíoch nó comhpháirtíocht nuálaíochta, sa mhéid:

(i) nach ndéanfar athrú substaintiúil ar théarmaí bunaidh an chonartha, agus

(ii) go n-áiríonn siad sa nós imeachta idirbheartaithe na tairgeoirí uile a chomhlíonann critéir Airteagail 39 go 46, agus na tairgeoirí sin amháin, agus a raibh tairiscintí curtha isteach acu i gcomhréir le ceanglais fhoirmiúla an nós imeachta tairisceana roimh ré le linn an nós imeachta oscailte roimh ré, an nós imeachta srianta, an idirphlé iomaíoch nó na comhpháirtíochta nuálaíochta;

(c) nuair atá na teorainneacha ama a leagtar síos le haghaidh an nós imeachta oscailte, an nós imeachta srianta agus an nós imeachta idirbheartaithe in éineacht le foilsiú fógra conartha, lena n-áirítear na teorainneacha ama giorraithe dá dtagraítear in Airteagal 33(7), ar neamhréir leis an bpráinn a eascraíonn as géarchéim. Féadfaidh feidhm a bheith aige sin, mar shampla, sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 23, an dara mír, pointe (d);

(d) sa mhéid go bhfuil fíorghá leis, i gcás, ar chúiseanna fíorphráinne a eascraíonn as teagmhais nach féidir leis na húdaráis chonarthacha/na heintitis chonarthacha i dtrácht a thuar, nach féidir cloí leis na teorainneacha ama le

haghaidh an nós imeachta oscailte, an nós imeachta srianta nó an nós imeachta idirbheartaithe in éineacht le foilsiú fógra conartha, lena n-áirítear na teorainneacha ama giorraithe dá dtagraítear in Airteagal 33(7). I gcás ar bith, níor cheart gurbh fhéidir na himthosca a agraítear chun údar a thabhairt le fíorphráinn a leagan ar an údarás conarthach/ar an eintiteas conarthach;

(e) i gcás, ar chúiseanna teicniúla nó ar chúiseanna a bhaineann le cearta eisiacha a chosaint, nach bhféadfar an conradh a dhámhachtain ach ar oibreoir eacnamaíoch ar leith;';

(b) i bpointe 2, cuirtear isteach an pointe (c) seo a leanas:

'(c) a thugtar i gcrích tar éis tionscadail chomhthreomhara taighde agus forbartha atá in iomaíocht le roinnt oibreoirí eacnamaíocha arna soláthar ag údarás conarthach/eintiteas conarthach ar choinníoll go gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(i) go ndearna an t-údarás conarthach/eintiteas conarthach a sholáthraíonn na táirgí nó na seirbhísí na conarthaí comhthreomhara taighde agus forbartha iomaíocha a dhámhachtain tar éis nós imeachta idirbheartaithe in éineacht le foilsiú roimh ré fógra conartha, nós imeachta srianta nó nós imeachta oscailte;

(ii) go bhfuil na táirgí nó na seirbhísí a sholáthraítear mar thoradh ar cheann de na conarthaí taighde agus forbartha;

(iii) nach mó luach na dtáirgí ná 10 n-oiread luach an chonartha taighde agus forbartha a easraíonn as;

(iv) gur bunaithe i mBallstát nó i stát LEE CSTE atá na conraitheoirí agus a bhfochonraitheoirí, a bpríomháit ghnó, agus gur ann a dhéanann siad an conradh taighde agus forbartha agus an conradh soláthair trí úsáid a bhaint as acmhainní atá lonnaithe ann;

(v) go bhfuil struchtúir bhainistíochta feidhmiúcháin na gconraitheoirí agus a bhfochonraitheoirí bunaithe san Aontas, i Stát CSTE LEE, nó san Úcráin;

(vi) Níl na conraitheoirí ná na fochonraitheoirí faoi réir rialú tríú tír nach Stát CSTE LEE ná an Úcráin í ná faoi réir rialú eintiteas tríú tír nach bhfuil bunaithe i Stát CSTE LEE;

(vii) dearadh na táirgí san Aontas, i Stáit CSTE LEE, nó san Úcráin, agus níl siad faoi réir rialú tríú tír nach Stát CSTE LEE ná an Úcráin í ná faoi réir eintiteas tríú tír nach bhfuil bunaithe i Stát CSTE LEE ná san Úcráin;';

(c) i bpointe (3), cuirtear isteach an pointe (d) seo a leanas:

'(d) maidir le soláthar comhoibríoch trealaimh mhíleata arna thabhairt i gcrích roimh an 1 Eanáir 2031 ag údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha ó thrí Bhallstát ar a laghad, ar choinníoll go gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(i) go soláthraíonn na húdaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha ó na Ballstáit lena mbaineann táirgí cosanta comhionanna nó táirgí cosanta comhionanna faoi réir mionmhodhnuithe amháin;

(ii) cumhdaítear leis an gconradh ar a laghad comhchothabháil le haghaidh na dtáirgí cosanta arna soláthar chomh maith le soláthar na dtáirgí cosanta. Féadfar an ceanglas maidir leis an gconradh lena gcumhdaítear

comhchothabháil a tharscaoileadh i gcás nach n-éilíonn an táirge cosanta arna sholáthar cothabháil de ghnáth;

(iii) na conraitheoirí a bhfuil baint acu leis an soláthar comhoibríoch, beidh siad bunaithe san Aontas agus beidh a struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin acu san Aontas, i Stát CSTE LEE nó san Úcráin. Ní bheidh siad faoi réir rialú tríú tír nach Stát CSTE LEE ná an Úcráin í ná faoi réir rialú eintiteas tríú tír eile nach bhfuil bunaithe san Aontas, i Stát CSTE LEE nó san Úcráin;

(iv) Tá feidhm ag Airteagal 16(5), (6) agus (9) de Rialachán (AE) 2025/1106 ón gComhairle* sa mhéid go dtagraíonn siad do chonraitheoirí;

(v) féadfar a mheas go gcomhlíonann na conraitheoirí atá rannpháirteach sa soláthar comhoibríoch na coinníollacha incháilitheachta dá dtagraítear i bpointí (ii) agus (iii) i gcás ina bhfuil coinníollacha coibhéiseacha comhlíonta acu faoi Rialacháin (AE) 2018/1092**, (AE) 2021/697***, (AE) 2023/1525**** nó (AE) 2023/2418***** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus ar choinníoll nach ndéanfar, le haon athruithe ina dhiaidh sin, amhras a chaitheamh ar chomhlíonadh na gcoinníollacha sin;

(vi) maidir le bonneagar, saoráidí, sócmhainní agus acmhainní na gconraitheoirí agus na bhfochonraitheoirí a bhfuil baint acu leis an soláthar comhoibríoch a úsáidtear chun críocha an tsoláthair chomhoibríoch, beidh siad lonnaithe ar chríoch Ballstáit nó Stáit CSTE LEE. I gcás nach bhfuil aon rogha mhalartach ná bonneagar, saoráidí, sócmhainní agus acmhainní ábhartha le fáil go héasca ar chríoch Ballstáit nó Stáit CSTE LEE, do chonraitheoirí nó d'fhochonraitheoirí a bhfuil baint acu leis an soláthar comhoibríoch, féadfaidh siad úsáid a bhaint as a mbonneagar, saoráidí, sócmhainní agus acmhainní atá lonnaithe nó atá acu lasmuigh de na críocha sin, ar choinníoll nach sáróidh an úsáid sin leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát.

(vii) ní rachaidh costas na gcomhpháirteanna nach de thionscnamh an Aontais, Stát CSTE LEE nó na hÚcráine iad os cionn 35 % de chostas measta chomhpháirteanna an táirge deiridh;';

---

* Rialachán (AE) 2025/1106 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2025 lena mbunaítear an Ionstraim um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE) trí Atreisiú an Tionscail Cosanta Eorpaigh (IO L, 2025/1106, 28.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1106/oj).

** Rialachán (AE) 2018/1092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 lena mbunaítear an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta lena ndírítear ar thacú le hiomaíochas agus cumas nuálaíochta thionscal cosanta an Aontais (IO L 200, 7.8.2018, lgh. 30-43, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1092/oj).

***Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1092 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 149, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/697/oj).

**** Rialachán (AE) 2023/1525 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Iúil 2023 maidir le tacú le táirgeadh armlóin (ASAP) (IO L 185, 24.7.2023, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1525/oj).

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4(b):

‘(b) i gcás oibreacha nó seirbhísí nua ina bhfuil athdhéanamh oibreacha nó seirbhísí comhchosúla curtha ar an oibreoir eacnamaíoch ar ar dhámh na húdaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha chéanna conradh bunaidh, ar choinníoll go bhfuil na hoibreacha nó na seirbhísí sin i gcomhréir le buntionscadal ar dámhadh an conradh bunaidh ina leith i gcomhréir leis an nós imeachta oscailte, an nós imeachta srianta, an nós imeachta idirbheartaithe in éineacht le foilsiú fógra conartha, le hidirphlé iomaíoch, nó le comhpháirtíocht nuálaíochta.

A luaithe a chuirfear an chéad tionscadal ar tairiscint, nochtfar úsáid fhéideartha an nós imeachta sin, agus cuirfidh na húdaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha costas measta iomlán na n-oibreacha nó na seirbhísí ina dhiaidh sin san áireamh agus Airteagal 8 á chur i bhfeidhm acu.

Ní fhéadfar an nós imeachta sin a úsáid ach amháin le linn na gcúig bliana tar éis an conradh bunaidh a thabhairt i gcrích, ach amháin in imthosca eisceachtúla a chinntear trí shaolré ionchasach aon ítim, suiteáil nó córas arna seachadadh a chur san áireamh, agus na deacrachtaí teicniúla a d’fhéadfadh athrú soláthróra a chruthú;’;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (5):

‘(5) i gcás conarthaí a bhaineann le soláthar seirbhísí aeriompair agus muiriompair d’fhórsaí armtha nó d’fhórsaí slándála Ballstáit atá imscartha nó atá le himscaradh thar lear, nuair nach mór don údarás conarthach/eintiteas conarthach na seirbhísí sin a sholáthar ó oibreoirí eacnamaíocha lena ráthaítear bailíocht a dtairiscintí ar feadh tréimhsí chomh gearr sin nach féidir na teorainneacha ama le haghaidh an nós imeachta oscailte, an nós imeachta srianta ná an nós imeachta idirbheartaithe in éineacht le foilsiú fógra conartha, lena n-áirítear na teorainneacha ama giorraithe dá dtagraítear in Airteagal 33(7), a chomhlíonadh.’;

(11) in Airteagal 29(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ceathrú fomhír:

‘Ní fhéadfaidh téarma creat-chomhaontaithe a bheith níos mó ná 10 bliana, ach amháin in imthosca eisceachtúla a chinntear trí shaolré ionchasach aon ítim, suiteáil nó córas arna seachadadh a chur san áireamh, agus na deacrachtaí teicniúla a d’fhéadfadh athrú soláthróra a chruthú;’;

(12) cuirtear isteach an tAirteagal 29 a seo a leanas roimh Theideal II, Caibidil V:

‘Airteagal 29a
Córas dinimiciúil ceannaigh

1. I gcás ceannacháin a úsáidtear go coitianta, a gcomhlíonann a saintréithe, mar atá ar fáil go ginearálta ar an margadh, ceanglais na n-údarás conarthach/na n-eintiteas conarthach, féadfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha córas dinimiciúil ceannaigh a úsáid. Feidhmeofar an córas dinimiciúil ceannaigh mar phróiseas iomlán leictreonach agus beidh sé ar oscailt le linn thréimhse bhailíochta an chórais ceannaigh d’aon oibreoir eacnamaíoch a chomhlíonann na critéir roghnúcháin. Féadfar é a roinnt ina chatagóirí táirgí, oibreacha nó seirbhísí a shainítear go hoibiachtúil ar bhonn shaintréithe an tsoláthair atá le glacadh ar láimh sa chatagóir lena mbaineann. Féadfar a áireamh ar na saintréithe sin tagairt d’uasmhéid incheadaithe na gconarthaí sonracha ina dhiaidh sin nó do limistéar geografach sonrach ina gcomhlíonfar conarthaí sonracha ina dhiaidh sin.

2. Chun soláthar a dhéanamh faoi chóras dinimiciúil ceannaigh, leanfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha rialacha an nós imeachta shrianta. Ligfear isteach sa chóras gach iarrthóir a chomhlíonann na critéir roghnúcháin. I gcás ina bhfuil an córas roinnte ina chatagóirí táirgí, oibreacha nó seirbhísí ag údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, sonróidh siad na critéir roghnúcháin is infheidhme maidir le gach catagóir.

D'ainneoin Airteagal 33, beidh feidhm ag na teorainneacha ama seo a leanas:

(a) is é an íosteorainn ama chun iarrataí ar rannpháirtíocht a fháil 30 lá ón dáta a sheoltar an fógra conartha nó, i gcás ina n-úsáidtear fógra réamhfhaisnéise mar mhodh chun iomaíocht a ghlaoch, an dáta a sheoltar an cuireadh chun spéis a dhearbhú. Ní bheidh feidhm ag teorainneacha ama breise chun iarrataí ar rannpháirtíocht a fháil a luaithe a sheolfar an cuireadh chun tairisceana don chéad soláthar sonrach faoin gcóras dinimiciúil ceannaigh.

(b) is é an íosteorainn ama chun tairiscintí a fháil 10 lá ar a laghad ón dáta a sheoltar an cuireadh chun tairisceana.

3. Is trí mheán leictreonach amháin a dhéanfar gach cumarsáid i gcomhthéacs córas dinimiciúil ceannaigh.

4. Chun conarthaí a dhámhachtain faoi chóras dinimiciúil ceannaigh, déanfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha an méid seo a leanas:

(a) glao chun iomaíochta a fhoilsiú lena léireofar go soiléir go bhfuil córas dinimiciúil ceannaigh i gceist;

(b) léireofar sna doiciméid soláthair cineál agus cainníocht mheasta na gceannachán atá beartaithe ar a laghad, chomh maith leis an bhfaisnéis uile is gá a bhaineann leis an gcóras dinimiciúil ceannaigh, lena n-áirítear an chaoi a n-oibríonn an córas dinimiciúil ceannaigh, an trealamh leictreonach a úsáidtear agus na socruithe agus sonraíochtaí maidir le nasc teicniúil;

(c) aon roinnt ina chatagóirí táirgí, oibreacha nó seirbhísí agus na saintréithe a shainíonn iad a léiriú;

(d) rochtain dhíreach neamhshrianta agus iomlán a thairiscint, fad a bheidh an córas bailí, ar na doiciméid soláthair.

5. Tabharfaidh údaráis/eintitis chonarthacha an deis d'aon oibreoir eacnamaíoch, le linn thréimhse bhailíochta iomlán an chórais dhinimiciúil ceannaigh, iarraidh a dhéanamh ar rannpháirtíocht sa chóras faoi na coinníollacha dá bhforáiltear i mír 2. Cuirfidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha a measúnú ar na hiarrataí sin i gcrích i gcomhréir leis na critéir roghnúcháin laistigh de 10 lá oibre tar éis iad a fháil. Féadfar an sprioc-am sin a fhadú go 15 lá oibre i gcásanna aonair ina bhfuil údar cuí leo, go háirithe mar gheall ar an ngá atá le doiciméadacht bhreise a scrúdú nó chun a fhíorú ar shlí eile an gcomhlíontar na critéir roghnúcháin.

D'ainneoin na chéad fhomhíre, fad is nár seoladh an cuireadh chun tairisceana le haghaidh an chéad soláthair shonraigh faoin gcóras dinimiciúil ceannaigh, féadfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha síneadh a chur leis an tréimhse mheastóireachta ar choinníoll nach n-eisítear aon chuireadh chun tairisceana le linn na tréimhse meastóireachta fadaithe. Cuirfidh na húdaráis/na heintitis chonarthacha in iúl sna doiciméid soláthair fad na tréimhse sínte a bheartaíonn siad a chur i bhfeidhm.

Cuirfidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha an t-oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann ar an eolas a luaithe is féidir faoi cé acu a ligeadh isteach nó nár ligeadh sa chóras dinimiciúil ceannaigh.

6. Iarrfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha ar na rannpháirtithe uile a ligtear isteach tairiscint a chur isteach le haghaidh gach soláthair shonraigh faoin gcóras dinimiciúil ceannaigh, i gcomhréir le hAirteagal 34. I gcás inar roinneadh an córas dinimiciúil ceannaigh ina chatagóirí oibreacha, táirgí nó seirbhísí, déanfaidh údarás/eintiteas conarthach cuireadh a thabhairt do na rannpháirtithe uile a ligeadh isteach sa chatagóir a chomhfhreagraíonn don soláthar sonrach lena mbaineann chun tairiscint a chur isteach.

   Dámhfaidh siad an conradh ar an tairgeoir a chuir isteach an tairiscint is fearr ar bhonn na gcritéar dámhachtana a leagtar amach san fhógra conartha le haghaidh an chórais dhinimiciúil ceannaigh nó, i gcás ina n-úsáidtear fógra réamhfhaisnéise mar mhodh chun iomaíocht a ghairm, sa chuireadh chun spéis a dheimhniú. Féadfar na critéir sin, i gcás inarb iomchuí, a fhoirmliú níos beaichte sa chuireadh chun tairisceana.

7. Léireoidh údaráis/eintitis chonarthacha tréimhse bhailíochta an chórais dhinimiciúil ceannaigh sa ghlao chun iomaíochta. Tabharfaidh siad fógra don Choimisiún faoi aon athrú ar an tréimhse bhailíochta, trí úsáid a bhaint as na foirmeacha caighdeánacha seo a leanas:

(a) i gcás ina n-athraítear an tréimhse bhailíochta gan an córas a fhoirceannadh, an fhoirm a úsáideadh ar dtús le haghaidh an ghlao chun iomaíocht le haghaidh an chórais dhinimiciúil ceannaigh;

(b) i gcás ina bhfoirceanntar an córas, fógra dámhachtana conartha dá dtagraítear in Airteagal 30(3).

8. Ní fhéadfar aon mhuirear a bhilleáil roimh thréimhse bhailíochta an chórais dhinimiciúil ceannaigh ná lena linn chuig na hoibreoirí eacnamaíocha a bhfuil leas acu sa chóras dinimiciúil ceannaigh nó atá ina bpáirtithe ann.';

(13) Leasaítear Airteagal 30 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha a bhfuil rún acu conradh nó creat-chomhaontú a dhámhachtain trí nós imeachta oscailte, nós imeachta srianta, nós imeachta idirbheartaíochta ina bhfoilsítear iarratas ar thairiscintí roimh ré, idirphlé iomaíoch nó comhpháirtíocht nuálaíochta, cuirfidh siad a rún in iúl trí bhíthin fógra conartha.';

(b) cuirtear isteach an mhír 2a seo a leanas:

'2a. Seolfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha fógra faoi dhámhachtain conartha laistigh de 30 lá tar éis dhámhachtain gach conartha bunaithe ar chóras dinimiciúil ceannaigh. Féadfaidh siad, áfach, fógraí den sórt sin a ghrúpáil ar bhonn ráithiúil. Sa chás sin, seolfaidh siad na fógraí grúpáilte laistigh de 30 lá ó dheireadh gach ráithe.';

(14) in Airteagal 33, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. I nósanna imeachta srianta, nósanna imeachta idirbheartaíochta ina bhfoilsítear iarratas ar thairiscintí roimh ré, úsáid idirphlé iomaíoch agus úsáid comhpháirtíochta nuálaíochta, is é 37 lá ón dáta a sheolfar an fógra tairisceana an íosteorainn ama chun iarrataí ar rannpháirtíocht a fháil.

I gcás nósanna imeachta srianta, is é 40 lá ón dáta a sheolfar an cuireadh an dáta deiridh a nglacfar le tairiscintí.';

(15) in Airteagal 34, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. I nósanna imeachta srianta, nósanna imeachta idirbheartaíochta ina bhfoilsítear iarratas ar thairiscintí roimh ré, idirphlé iomaíoch, agus comhpháirtíochtaí nuálaíochta, iarrfaidh na húdaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha, go comhuaineach agus i scríbhinn, ar na hiarrthóirí roghnaithe a dtairiscintí a chur isteach nó caibidlíocht a dhéanamh, i gcás idirphlé iomaíoch, chun páirt a ghlacadh san idirphlé, nó, i gcás comhpháirtíocht nuálaíochta, iarraidh ar rannpháirtíocht a chur isteach.';

(16) Leasaítear Airteagal 35 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Déanfaidh na húdaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha, a luaithe is féidir, iarrthóirí agus tairgeoirí a chur ar an eolas faoi chinntí ar thángthas orthu maidir le conradh a dhámhachtain, creat-chomhaontú a thabhairt i gcrích nó cead isteach i gcóras dinimiciúil ceannaigh a thabhairt, lena n-áirítear na forais atá le haon chinneadh gan conradh a dhámhachtain, gan creat-chomhaontú a thabhairt i gcrích a ndearnadh tairiscint iomaíoch ina leith nó an nós imeachta a atosú nó gan córas dinimiciúil ceannaigh a chur chun feidhme; tabharfar an fhaisnéis sin i scríbhinn arna iarraidh sin do na húdaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Féadfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha a chinneadh faisnéis áirithe a choinneáil siar maidir le dámhachtain an chonartha, tabhairt i gcrích na gcreat-chomhaontuithe nó cead isteach i gcóras dinimiciúil ceannaigh a thabhairt dá dtagraítear i mír 1 i gcás ina gcuirfí bac ar fhorfheidhmiú an dlí mar gheall ar scaoileadh na faisnéise sin, nó i gcás ina mbeadh sé sin contrártha ar shlí eile do leas an phobail, go háirithe leasanna cosanta agus/nó slándála an phobail, i gcás ina ndéanfadh sé dochar do leasanna dlisteanacha tráchtála oibreoirí eacnamaíocha, bídís poiblí nó príobháideach, nó i gcás ina bhféadfadh sé dochar a dhéanamh don iomaíocht chóir eatarthu.

(17) cuirtear na hAirteagail 46a agus 46b seo a leanas isteach i dTeideal II, Caibidil VII, Roinn 2:

'Airteagal 46a
An líon iarrthóirí atá cáilithe ar shlí eile a dtabharfar cuireadh dóibh páirt a ghlacadh a laghdú

1. I nósanna imeachta srianta, nósanna imeachta idirbheartaíochta ina bhfoilsítear iarratas ar thairiscintí roimh ré, nósanna imeachta um idirphlé iomaíoch agus comhpháirtíochtaí nuálaíochta, féadfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha teorainn a chur leis an líon iarrthóirí a chomhlíonann na critéir roghnúcháin a dtabharfaidh siad cuireadh chun tairisceana nó cuireadh chun idirphlé a dhéanamh dóibh, ar choinníoll go mbeidh an líon íosta iarrthóirí cáilithe, i gcomhréir le mír 2, ar fáil.

2. Sonróidh na húdaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha, san fhógra conartha nó sa chuireadh chun spéis a dhearbhú, na critéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha nó

na rialacha atá sé beartaithe acu a chur i bhfeidhm, an líon íosta iarrthóirí a bhfuil sé beartaithe acu cuireadh a thabhairt dóibh agus, i gcás inarb iomchuí, an líon uasta.

Sa nós imeachta srianta, is é cúigear an líon íosta iarrthóirí. Sa nós imeachta idirbheartaíochta ina bhfoilsítear iarratas ar thairiscintí roimh ré, sa nós imeachta um idirphlé iomaíoch agus sa chomhpháirtíocht nuálaíochta, is é triúr an líon íosta iarrthóirí. In aon chás, beidh an líon iarrthóirí a dtabharfar cuireadh dóibh leordhóthanach chun fíoriomaíocht a áirithiú.

Tabharfaidh na húdaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha cuireadh don líon íosta iarrthóirí ar a laghad. Mar sin féin, i gcás ina bhfuil an líon iarrthóirí a chomhlíonann na critéir roghnúcháin agus na híosleibhéil cumais dá dtagraítear in Airteagal 38(3) faoi bhun an lín íosta, féadfaidh an t-údarás conarthach/eintiteas conarthach leanúint den nós imeachta trí chuireadh a thabhairt do na hiarrthóirí a bhfuil na hinniúlachtaí is gá acu. I gcomhthéacs an nós imeachta chéanna, ní áireoidh an t-údarás conarthach/eintiteas conarthach oibreoirí eacnamaíocha nach ndearna iarraidh ar rannpháirtíocht, ná iarrthóirí nach bhfuil na hinniúlachtaí is gá acu.

Airteagal 46b
An líon tairiscintí agus réiteach a laghdú

I gcás ina bhfeidhmíonn údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha an rogha an líon tairiscintí a bhfuiltear le hidirbheartaíocht a dhéanamh fúthu dá bhforáiltear in Airteagal 26(3) nó an líon réiteach atá le plé dá bhforáiltear in Airteagal 27(4) a laghdú, déanfaidh siad amhlaidh trí na critéir dhámhachtana a luaitear sna doiciméid soláthair a chur i bhfeidhm. Sa chéim dheiridh, áiritheofar fíoriomaíocht leis an líon a gheofar a mhéid is ann do líon leordhóthanach tairiscintí, réiteach nó iarrthóirí cáilithe.';

(18) cuirtear Airteagal 49a seo a leanas isteach i dTeideal II, Caibidil VII, Roinn 3:

'Airteagal 49a
Modhnú a dhéanamh ar chonarthaí le linn a dtéarma

1. Féadfar conarthaí agus creat-chomhaontuithe a mhodhnú gan nós imeachta soláthair nua i gcomhréir leis an Treoir seo in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

   (a) i gcás ina ndearnadh foráil sna doiciméid soláthair tosaigh maidir leis na modhnuithe, gan beann ar a luach airgeadúil, i gclásail shoiléire bheachta dhoshéanta athbhreithniúcháin, a bhféadfadh clásail athbhreithnithe praghais, nó roghanna a bheith iontu. Luafar sna clásail sin raon feidhme agus cineál na modhnuithe nó na roghanna a d'fhéadfaí a dhéanamh chomh maith leis na coinníollacha faoina bhféadfar iad a úsáid. Ní dhéanfar foráil iontu maidir le modhnuithe ná roghanna lena n-athrófaí cineál foriomlán an chonartha nó an chreat-chomhaontaithe;

   (b) i gcás oibreacha, seirbhísí nó soláthairtí breise ón gconraitheoir bunaidh a bhfuil gá leo anois agus nach raibh san áireamh sa soláthar tosaigh i gcás nach féidir an conraitheoir a athrú:

      (i) ar chúiseanna eacnamaíocha nó teicniúla amhail ceanglais i dtaobh idirmhalartaitheacht nó idir-inoibritheacht le trealamh, seirbhísí nó suiteálacha atá ann cheana agus a soláthraíodh faoin soláthar tosaigh; agus

(ii) i gcás ina mbeadh an t-athrú sin ina chúis le míchaoithiúlacht nach beag nó dúbailt shubstaintiúil costas i gcás an údaráis chonarthaigh/eintitis chonarthaigh;

Mar sin féin, ní bheidh aon mhéadú ar phraghas níos mó ná 50 % de luach an chonartha bunaidh. I gcás ina ndéanfar roinnt modhnuithe i ndiaidh a chéile, beidh feidhm ag an teorainn sin maidir le luach gach modhnaithe. Ní bheidh sé d'aidhm ag na modhnuithe sin a dhéanfar i ndiaidh a chéile teacht timpeall ar an Treoir seo;

(c) i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha uile seo a leanas:

(i) ní fhéadfadh údarás conarthach/eintiteas conarthach dúthrachtach na himthosca is cúis leis an modhnú a thuar roimh ré;

(ii) ní athraítear cineál foriomlán an chonartha mar gheall ar an modhnú;

(iii) níl aon mhéadú ar phraghas níos mó ná 50 % de luach an chonartha bunaidh nó an chreat-chomhaontaithe bunaithe. I gcás ina ndéanfar roinnt modhnuithe i ndiaidh a chéile, beidh feidhm ag an teorainn sin maidir le luach gach modhnaithe. Ní bheidh sé d'aidhm ag na modhnuithe sin a dhéanfar i ndiaidh a chéile teacht timpeall ar an Treoir seo;

(d) i gcás ina dtagann conraitheoir nua in ionad an chonraitheora a ndearna an t-údarás conarthach/eintiteas conarthach an conradh a dhámhachtain air ar dtús mar thoradh ar cheachtar de na nithe seo a leanas:

(iv) clásal athbhreithniúcháin doshéanta nó rogha i gcomhréir le pointe (a);

(v) comharbas uilíoch nó páirteach ar ról an chonraitheora tosaigh, tar éis athstruchtúrú corparáideach, lena n-áirítear táthcheangal, cumasc, éadáil nó féimheacht, oibreora eacnamaíoch eile a chomhlíonann na critéir maidir le roghnú cáilíochtúil a bunaíodh ar dtús ar choinníoll nach mbeidh modhnuithe substaintiúla eile ar an gconradh i gceist leis sin agus nach bhfuil sé dírithe ar theacht timpeall ar chur i bhfeidhm na Treorach seo; nó

(vi) i gcás ina nglacfaidh an t-údarás conarthach/eintiteas conarthach féin oibleagáidí an phríomhchonraitheora i leith a fhochonraitheoirí i gcás ina bhforáiltear don fhéidearthacht sin faoin reachtaíocht náisiúnta de bhun Airteagal 21;

(e) i gcás nach bhfuil na modhnuithe substaintiúil, gan beann ar a luach, de réir bhrí mhír 2.

Údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha a bhfuil modhnú déanta acu ar chonradh sna cásanna dá dtagraítear i bpointí (b) agus (c), foilseoidh siad fógra faoin méid sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. I bhfógra den sórt, beidh *mutatis mutandis* an fhaisnéis a cheanglaítear a thabhairt i bhfógra dámhachtana conartha.

2. Chun an luach a luaitear i mír 1, pointí (b) agus (c), a ríomh, is é an luach nuashonraithe an luach tagartha i gcás ina bhfuil clásal innéacsaithe sa chonradh.

3. Measfar gur modhnú substaintiúil a bheidh i modhnú a dhéanfar ar chonradh nó ar chreat-chomhaontú le linn a théarma de réir bhrí mhír 1, pointe (e), i gcás ina bhfágfaidh sé go mbeidh difríocht ábhartha idir an conradh nó an creat-chomhaontú ó thaobh ábhair de agus an conradh nó an creat-chomhaontú a tugadh i gcrích ar dtús. In aon chás, gan dochar do mhíreanna 1 agus 2, measfar gur modhnú substaintiúil a bheidh ann i gcás ina gcomhlíonfar ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tugtar isteach leis an modhnú coinníollacha lena gceadófaí, dá mbeidís ina gcuid den nós imeachta soláthair tosaigh, iarrthóirí eile a ligean isteach seachas iad siúd a roghnaíodh ar dtús nó glacadh le tairiscint seachas an tairiscint ar glacadh léi ar dtús nó lena meallfaí rannpháirtithe breise sa nós imeachta soláthair;

(b) leis an modhnú, athraítear cothromaíocht eacnamaíoch an chonartha nó an chomhaontaithe i bhfabhar an chonraitheora ar bhealach nach ndearnadh foráil dó sa chonradh tosaigh nó sa chomhaontú tosaigh;

(c) leathnaítear raon feidhme an chonartha nó an chreat-chomhaontaithe go mór leis an modhnú;

(d) i gcás ina dtagann conraitheoir nua in ionad an chonraitheora a ndearna an t-údarás conarthach/eintiteas conarthach an conradh a dhámhachtain air ar dtús i gcásanna eile seachas na cásanna sin dá dtagraítear i mír 1, pointe (d).

4. Beidh gá le nós imeachta soláthair nua i gcomhréir leis an Treoir seo le haghaidh modhnuithe eile ar fhorálacha conartha phoiblí nó creat-chomhaontaithe le linn a théarma seachas na modhnuithe dá bhforáiltear faoi mhír 1.’;

(19) scriostar Airteagail 65, 66 agus 68.

Airteagal 3

1. Glacfaidh agus foilseoidh na Ballstáit, faoin […] ar a dhéanaí, na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

   Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón […].

   Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an [...] lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 5

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*